Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15094/23**

**ELARG 71**
**COWEB 135**
**COEST 586**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 690 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Teachtaireacht 2023 maidir le Beartas an Aontais um Méadú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 690 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 690 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.11.2023
COM(2023) 690 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Teachtaireacht 2023 maidir le Beartas an Aontais um Méadú**

{SWD(2023) 690 final} - {SWD(2023) 691 final} - {SWD(2023) 692 final} - {SWD(2023) 693 final} - {SWD(2023) 694 final} - {SWD(2023) 695 final} - {SWD(2023) 696 final} - {SWD(2023) 697 final} - {SWD(2023) 698 final} - {SWD(2023) 699 final}

## Teachtaireacht 2023 maidir le Beartas an Aontais um Méadú

### I. Réamhrá

**Tá méadú an Aontais ina cheann feadhna ar chobhsaíocht, ar shíocháin agus ar rathúnas fadtéarmach** ar fud na mór-roinne. Is **infheistíocht gheostraitéiseach** í ballraíocht san Aontas in Eoraip láidir, chobhsaí agus aontaithe atá bunaithe ar **luachanna coiteanna**. Is uirlis chumhachtach í chun an daonlathas, an smacht reachta agus urraim do chearta bunúsacha a chur chun cinn. Is é ionchas inchreidte bunaithe ar fhiúntas maidir le ballraíocht san Aontas Eorpach **príomhspreagadh an chlaochlaithe** agus, ar an gcaoi sin, cuireann sé lenár slándáil chomhchoiteann agus lenár rathúnas socheacnamaíoch. Tá sí ríthábhachtach chun athmhuintearas agus cobhsaíocht a chothú ar mhór-roinn na hEorpa. Cuireadh béim bhreise ar thábhacht gheopholaitiúil mhéadú an Aontais in 2022, nuair a rinne an Úcráin, Poblacht na Moldóive[1] agus an tSeoirsia iarratas chun bheith ina gcomhaltaí den Aontas tar éis chogadh foghach gan chúis gan údar na Rúise in aghaidh na hÚcráine, agus aitheantas á thabhairt ag an gComhairle Eorpach[2] do pheirspictíocht Eorpach na hÚcráine, na Moldóive agus na Seoirsia agus stádas tír is iarrthóir á thabhairt aici don Úcráin agus don Mholdóiv. Ba chéim thábhachtach é stádas mar thír is iarrthóir a thabhairt don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin i mí na Nollag 2022 chun dlús phróiseas an mhéadaithe a choinneáil ar bun.

Inniu tá **deis stairiúil** ag na Balcáin Thiar, an Tuirc[3], an Úcráin, an Mholdóiv agus an tSeoirsia a dtodhchaí a cheangal go láidir leis an Aontas Eorpach. Is próiseas é an t-aontachas atá bunaithe ar fhiúntas agus leanfaidh sé de bheith ag brath go hiomlán ar an dul chun cinn oibiachtúil atá bainte amach ag gach comhpháirtí méadaithe. Dá bhrí sin, ní mór do thíortha an mhéadaithe gníomhú agus tiomantas acu chun na hathchóirithe is gá a chur chun feidhme agus dul chun cinn inláimhsithe agus do-aisiompaithe a dhéanamh, ag tosú le **gnéithe bunúsacha phróiseas aontachais an Aontais**. Tá an smacht reachta, go háirithe neamhspleáchas agus feidhmiú na mbreithiúna agus an comhrac in aghaidh an éillithe, cearta bunúsacha, an geilleagar, feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha agus athchóiriú ar an riarachán poiblí fós ina mbunchloch den bheartas um méadú.

Is **rogha straitéiseach** í ballraíocht san Aontas. Ní mór do chomhpháirtithe **luachanna an Aontais** a ghlacadh chucu féin agus a chur chun cinn go daingean agus go neamhbhalbh. Is comhartha níos suntasaí ná riamh é ailíniú le **comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais** ar luachanna comhroinnte agus ar threoshuíomh straitéiseach sa chomhthéacs geopholaitiúil nua.

### II. Na forbairtí is tábhachtaí

#### Freagairt aontaithe ar chogadh foghach na Rúise

Bhí tionchar mór ag **cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine** le 2 bhliain anuas. Thaifead Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine (OHCHR) níos mó ná 27 000

[1] 'An Mholdóiv' anseo feasta.
[2] EUCO 24/22.
[3] I gcomhréir leis an iarratas ó Phoblacht na Tuirce maidir le húsáid ainm oifigiúil nua na tíre i mBéarla, úsáidtear an t-ainm 'Türkiye' in ionad 'Turkey' sa leagan Béarla den doiciméad seo. Tá an t-athrú riaracháin sin teoranta don ainmníocht a úsáidtear i ndoiciméid an Aontais, níl éifeacht chúlghabhálach aige, agus níl aon iarmhairt dhlíthiúil leis. Tá an cur chuige sin gan dochar don ainmníocht a úsáideann na Ballstáit.

taismeach sibhialtach san Úcráin, lena n-áirítear 9 600 duine a maraíodh[4], agus meastar go mbeidh an líon beacht básanna i bhfad níos airde. Tá na riachtanais dhaonnúla fós ard: Tá gá ag 17,6 milliún duine san Úcráin, is é sin 49 % de dhaonra iomlán na tíre [5]agus 6,2 milliún i dtíortha óstacha dídeanaithe[6] le cabhair dhaonnúil ilearnála fós. Tá an cogadh ina chúis freisin le léirscrios agus scriosadh táirgthe agus maoine, le cur isteach ar thrádáil, le hinfheistíocht laghdaithe, le creimeadh caipitil dhaonna, agus le damáiste ollmhór don chomhshaol.

Bhí **freagairt an Aontais** ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine aontaithe, diongbháilte, agus díreach agus ní fhacthas a leithéid riamh roimhe seo. Cháin 27 mBallstát an Aontais agus a gcomhpháirtithe ar fud an domhain **an cogadh foghach gan chúis gan údar**. Ghníomhaigh siad go pras, rinne siad aonrú polaitiúil agus eacnamaíoch ar an Rúis, cháin siad sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus thacaigh siad le céimeanna chun cuntasacht iomlán a áirithiú as coireanna cogaidh agus as sáruithe eile a rinneadh i ndáil le cogadh foghach na Rúise. Go dtí seo ghlac an tAontas **11 phacáiste smachtbhannaí forleathana in aghaidh na Rúise agus na Bealarúise**. Agus tacaíocht bhuanseasmhach á léiriú ag an Aontas don Úcráin, leanann sé de **thacaíocht leathan dhaonnúil, airgeadais, eacnamaíoch agus mhíleata** a sholáthar don tír. Trí bhíthin an chuir chuige 'Foireann na hEorpa', go dtí seo tá **EUR 82,6 billiún slógtha** ag an Aontas, a Bhallstáit agus a institiúidí airgeadais (Meán Fómhair 2023; EUR 25 bhilliún de thacaíocht mhíleata san áireamh), lena n-áirítear maoiniú a chuirtear ar fáil chun dídeanaithe a óstáil san Aontas. Chuir an Chomhairle síneadh go dtí mí an Mhárta 2025 leis an gcosaint shealadach do dhaoine atá tar éis teitheadh ón gcogadh in aghaidh na hÚcráine, rud a thug cinnteacht do bhreis agus 4 mhilliún Úcránach atá ina gcónaí san Aontas faoi láthair. Mar fhreagairt ar an mbac atá á chur ag an Rúis ar Chalafoirt Mhuir Dhubh na hÚcráine, ó bhí mí na Bealtaine 2022 ann, tá na Lánaí Dlúthpháirtíochta idir an tAontas agus an Úcráin, a nascann an Úcráin agus an Mholdóiv leis an Aontas Eorpach, á gcur chun feidhme ag an Aontas in éineacht leis an Úcráin agus leis an Moldóiv, rud a éascaíonn a dtrádáil leis an Aontas agus leis an gcuid eile den domhan, lena n-áirítear trádáil i dtáirgí criticiúla amhail gráin. Tacaíonn an Coimisiún le raon iarrachtaí chun faireachán a dhéanamh ar an damáiste don chomhshaol agus chun an damáiste sin a thaifeadadh. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don Úcráin a fhad is gá.

I mí Eanáir 2023, rinne an Coimisiún Eorpach, i gcomhar leis an Úcráin agus le comhpháirtithe G7, **Ardán Ilghníomhaireachtaí Comhordaithe Deontóirí** a bhunú chun comhordú a dhéanamh ar an tacaíocht do riachtanais phráinneacha mhaoiniúcháin na hÚcráine agus don téarnamh eacnamaíoch agus don atógáil eacnamaíoch a bheidh ann amach anseo.

I mí an Mheithimh 2023 mhol an Coimisiún Eorpach ionstraim mhaoinithe mheántéarmach thiomnaithe lena soláthrófar tacaíocht chomhleanúnach intuartha sholúbtha don Úcráin le haghaidh na tréimhse 2024-2027. Leis **an tSaoráid nua don Úcráin**[7] tacófar le hiarrachtaí chun an chobhsaíocht mhacra-airgeadais a chothú agus cuirfear téarnamh chun cinn léi. Tá sé beartaithe **go dtabharfar EUR 50 billiún don tSaoráid** i ndeontais agus in iasachtaí le haghaidh na tréimhse 2024-2027.

Chuir an tAontas dhá **phacáiste tacaíochta chuimsitheacha ar fáil don Mholdóiv** freisin[8], go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar a bhí ag cogadh foghach na Rúise in aghaidh

[4] Figiúirí ó dheireadh mhí Lúnasa 2023.
[5] Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla, mí Lúnasa 2023.
[6] Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, mí Mheán Fómhair 2023
[7] 2023/0200 (COD)
[8] Tabharfaidh an tAontas Eorpach EUR 250 milliún eile do Phoblacht na Moldóive; Pacáiste Tacaíochta do Phoblacht na Moldóive.

na hÚcráine ar an tír. Bhí ar an Moldóiv aghaidh a thabhairt ar mhórphlódú dídeanaithe ón Úcráin, boilsciú as cuimse, bagairtí ar a soláthairtí fuinnimh, sáruithe ar a haerspás, agus an iliomad gníomhaíochtaí naimhdeacha hibrideacha amhail agóidí a reáchtáladh, feachtais bhréagaisnéise ollmhóra agus cibirionsaithe.

Cruthaíonn cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine eagla sa réigiún níos leithne, lena n-áirítear sa tSeoirsia. Sa chomhthéacs sin, tá an tslándáil agus an chosaint fós i measc na réimsí tosaíochta le haghaidh an chomhair idir an tAontas agus an tSeoirsia. Slógadh EUR 62 mhilliún san iomlán chun tacú le Fórsaí Cosanta na Seoirsia tríd an tSaoráid Eorpach Síochána.

I mí na Nollag 2022 chuir an Coimisiún Eorpach **Pacáiste Tacaíochta Fuinnimh** dar luach EUR 1 bhilliún i láthair do **na Balcáin Thiar**[9]. Agus aghaidh á tabhairt ar na riachtanais láithreacha, ghearrthéarmacha agus mheántéarmacha sa réigiún, chuidigh an pacáiste suntasach tacaíochta fuinnimh le comhpháirtithe na mBalcán Thiar tús a chur lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú, dlús a chur leis an dícharbónú agus slándáil fuinnimh an réigiúin a fheabhsú. Chuir an tAontas dlús leis an tacaíocht a thugann sé sa **chibearshlándáil**, i bhfianaise roinnt cibirionsaithe i dtíortha na mBalcán Thiar freisin. Rinne an Coimisiún Eorpach Comhdháil Ardleibhéil maidir leis an gCibearshlándáil a chomhóstáil i mí an Mheithimh 2023 sa Bhruiséil.

Bhí tionchar ag **cogadh foghach na Rúise** in aghaidh na hÚcráine ar thíortha an mhéadaithe, go háirithe ar an Úcráin mar íospartach an fhogha, agus ar Bhallstáit an Aontais a bhfuil **dúshláin mhóra eacnamaíocha agus shóisialta** le sárú acu. Agus é ag tabhairt aghaidh ar éagobhsaíocht eachtrach atá ag dul i méid, ar iomaíocht straitéiseach agus ar bhagairtí slándála, tá níos mó freagrachta idirnáisiúnta glactha ag an Aontas agus tá bearta cinntitheacha eile déanta aige chun spleáchais a laghdú agus bonn eacnamaíoch níos láidre a thógáil. Tá na cuspóirí sin ábhartha do thíortha uile an mhéadaithe.

**Dlús nua á chur le méadú an Aontais**

Cuireadh **dlús nua leis an gclár oibre um méadú i mí an Mheithimh 2022**, nuair a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach na moltaí ón gCoimisiún, lena dtugtar aitheantas do **pheirspictíocht Eorpach na hÚcráine, na Moldóive agus na Seoirsia agus lena dtugtar stádas mar thír is iarrthóir don Úcráin agus don Mholdóiv**. Tháinig sé sin sna sála ar na **hiarratais ar bhallraíocht san Aontas** a chuir na trí thír isteach in earrach na bliana 2022 agus na **Tuairimí**[10] a thíolaic an Coimisiún Eorpach i mí an Mheithimh an bhliain chéanna. Leis an bpeirspictíocht Eorpach, treisíodh tiomantas na dtíortha na hathchóirithe riachtanacha a dhéanamh a cheanglaítear le próiseas aontachais an Aontais, go háirithe na céimeanna/tosaíochtaí a luaitear sna Tuairimí ón gCoimisiún. As seo amach tuairisceoidh an Coimisiún ag tuairisciú maidir le comhlíonadh na gcéimeanna/na dtosaíochtaí sin mar chuid dá ghnáthphacáiste um méadú, ina n-áirítear an Úcráin, an Mholdóiv agus an tSeoirsia ón mbliain seo ar aghaidh.

Sna **Balcáin Thiar**, rinneadh an chéad Chomhdháil Idir-Rialtasach leis an Albáin agus leis an Macadóin Thuaidh maidir le **caibidlíocht aontachais** i mí Iúil 2022, agus ina dhiaidh sin rinneadh scrúdú anailíseach ar phróiseas (scagtha) *acquis* an Aontais, atá le tabhairt chun críche i mí na Nollag 2023. I mí na Nollag 2022 thug an Chomhairle Eorpach **stádas mar thír is iarrthóir** don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin ar an tuiscint go gcuireann an tír chun feidhme

[9] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/AC_23_3196
[10] COM(2022) 405 final, COM(2022) 406 final, COM(2022) 407 final.

na céimeanna a shonraítear sa teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Dheireadh Fómhair 2022 maidir leis an mbeartas um méadú[11]. I mí na Nollag 2022 rinne **an Chosaiv*** iarratas ar bhallraíocht san Aontas. Tháinig an tAontas ar chomhaontú in earrach 2023 maidir le léirscaoileadh víosaí le haghaidh na Cosaive, rud is infheidhme ón 1 Eanáir 2024.

Leanadh den **rannpháirtíocht ar ardleibhéal** le tíortha an mhéadaithe. Le linn an **Chruinnithe Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar** de chuid **Phróiseas Bheirlín** i mí na Samhna 2022, d'fhógair an Coimisiún Pacáiste Tacaíochta Fuinnimh substaintiúil dar luach EUR 1 bhilliún i ndeontais ón Aontas chun cuidiú leis na Balcáin Thiar aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí láithreacha na géarchéime fuinnimh agus athléimneacht a chothú sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Reáchtáladh **an Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar** i mí na Nollag 2022 i dTiorána. Ba chomhartha soiléir é gur eagraíodh an cruinniú mullaigh den chéad uair sa réigiún ar thiomantas iomlán agus aonchiallach an Aontais do pheirspictíocht na mBalcán Thiar maidir le ballraíocht san Aontas Eorpach. Ba dhíol sásaimh don Aontas an dul chun cinn a rinneadh sa chaibidlíocht i ndáil le trí chomhaontú nua maidir leis an gCómhargadh Réigiúnach lena n-éascaítear saoirse gluaiseachta agus fostaíochta ar fud an réigiúin. Glacadh treochlár chun costais fánaíochta idir an tAontas agus na Balcáin Thiar a ísliú ar imeall an chruinnithe mullaigh.

An 6 Deireadh Fómhair 2023 ag **cruinniú neamhfhoirmiúil na gceann stáit nó rialtais in Granada**, d'athdhearbhaigh ceannairí an Aontais an méadú mar infheistíocht gheostraitéiseach sa tsíocháin, sa tslándáil, sa chobhsaíocht agus sa rathúnas[12]. Chuir siad i bhfios go láidir nach mór do thíortha ar mian leo a bheith ina mBallstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí athchóirithe, go háirithe i réimse an smachta reachta, i gcomhréir le cineál an phróisis aontachais atá bunaithe ar fhiúntas agus le cúnamh ón Aontas. An tráth céanna, ní mór don Aontas an réamhobair inmheánach agus na hathchóirithe is gá a leagan síos le haghaidh méadú breise, d'fhonn an tAontas Eorpach a thabhairt chun críche. Mar léiriú nithiúil ar thacaíocht an Aontais do chomhpháirtithe an mhéadaithe, tá sé ríthábhachtach an cistiú comhfhreagrach a shlógadh, é san áireamh i gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarma ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil atá ann faoi láthair[13].

Ag **Cruinniú Mullaigh Phróiseas Bheirlín** an 16 Deireadh Fómhair 2023, a tionóladh den chéad uair sa réigiún – i dTiorána, rinneadh dul chun cinn sa Chómhargadh Réigiúnach, le síniú an Chomhaontaithe maidir le haitheantas do cháilíochtaí gairmiúla le haghaidh cnáimhseacha, tréidlianna, altraí agus cógaiseoirí agus roinnt ráitis chomhpháirteacha maidir leis an gcomhar réigiúnach. Deis a bhí ann freisin Plean Fáis an Aontais do na Balcáin Thiar a phlé le ceannairí an réigiúin agus oifig ionadaíochta Choláiste na hEorpa i dTiorána a oscailt go hoifigiúil, lena n-áirítear clárú na mac léinn a sheoladh le haghaidh na bliana acadúil 2024/25.

Tá an chaibidlíocht aontachais leis **an Tuirc** ina stad ó bhí 2018 ann, i gcomhréir leis an gcinneadh ón gComhairle. Tá an Tuirc fós ina comhpháirtí lárnach ag an Aontas Eorpach agus tá sí fós ina tír is iarrthóir, agus cuireann sí aontachas an Aontais i dtábhacht mar a sprioc straitéiseach. Mar sin féin, lean an Tuirc de bheith ag dul i dtreo contrártha leis an Aontas, go príomha mar gheall ar an gcúlú leanúnach i réimsí na gceart bunúsach an smachta reachta, lena

[11] COM(2022) 528 final.
* Tá an t-ainmniú sin gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le CBI
Tuairim maidir le Dearbhú Neamhspleáchais na Cosaive.
[12] https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2023/10/06/granada-declaration/
[13] COM(2023) 336

n-áirítear neamhspleáchas na mbreithiúna, agus mar gheall ar an easpa athchóirithe i ndáil le roinnt saincheisteanna earnálacha.

Ba é Ráiteas 2016 ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc an príomhchreat i dtaca le comhar maidir leis an imirce agus lean sé de thorthaí a bhaint amach, d'ainneoin na ndúshlán leanúnach maidir lena chur chun feidhme. Tá an Tuirc fós ag óstáil 3,6 milliún dídeanaí. Lean an Tuirc de ról lárnach a bheith aici freisin maidir le haghaidh a thabhairt ar an imirce feadh bhealach na Meánmhara Thoir. Measann an Coimisiún go seasfaidh an Tuirc lena gealltanais faoin ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2021, lena n-áirítear cosc a chur ar imirce neamhrialta ó bhealaí talún agus farraige, agus filleadh a tosú.

I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach in 2021[14] maidir le clár oibre dearfach leis an Tuirc, chuaigh an Coimisiún i mbun idirphlé ardleibhéil le húdaráis na Tuirce maidir le talmhaíocht agus forbairt tuaithe, maidir leis an athrú aeráide, agus maidir le taighde agus nuálaíocht, agus sheol sé Ardán Infheistíochta nuabhunaithe na Tuirce. Tá an chéad idirphlé ardleibhéil eile idir an tAontas agus an Tuirc maidir leis an imirce agus an tslándáil le reáchtáil an 23 Samhain 2023. Tá leas straitéiseach ag an Aontas i dtimpeallacht chobhsaí shlán sa Mheánmhuir Thoir agus i bhforbairt caidrimh chomhoibrithigh chomhthairbhigh leis an Tuirc. I mí an Mheithimh 2023 d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle Eorpaí maidir le staid na himeartha i ndáil leis an gcaidreamh idir an tAontas agus an Tuirc[15], rud a chuireann leis na hionstraimí agus na roghanna a shainaithin an Chomhairle Eorpach, agus d'fhonn leanúint ar aghaidh ar bhealach straitéiseach réamhbhreathnaitheach.

Ó thosaigh fogha na Rúise faoin Úcráin, tá leibhéal nach bhfacthas riamh roimhe seo bainte amach i gcaidreamh an Aontais leis an Úcráin. Tionóladh an 24ú **Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin** agus cruinniú idir Coláiste na gCoimisinéirí agus Rialtas na hÚcráine i gCív i mí Feabhra 2023. Ag an gcéad chruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag airí gnóthaí eachtracha idir an tAontas agus an Úcráin i gCív, tugadh an Úcráin, an tAontas agus na 27 mBallstát le cheile an 2 Deireadh Fómhair 2023. D'athdhearbhaigh an tAontas a thacaíocht gan staonadh le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta agus le conair an Aontais agus a thiomantas gan staonadh don mhéid céanna.

An 1 Meitheamh 2023 d'óstáil an Mholdóiv an dara cruinniú den **Chomhphobal Polaitiúil Eorpach**, inar tugadh le chéile 45 cheannaire Eorpacha chun plé a dhéanamh ar iarrachtaí comhpháirteacha ar son na síochána agus na slándála, chomh maith le hathléimneacht fuinnimh agus nascacht agus soghluaisteacht san Eoraip.

De bharr chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine leagadh béim breise ar an ngá atá le haontacht agus dlúthpháirtíocht i measc an Aontais agus a chomhpháirtithe is dlúithe agus, dá bhrí sin, ar a thábhachtaí atá ailíniú **an chomhbheartais eachtraigh agus slándála** (CBES) i bpróiseas an mhéadaithe. Leanadh d'ailíniú iomlán na hAlbáine, Mhontainéagró agus na Macadóine Thuaidh, rud ar comhartha láidir é go fóill ar a rogha straitéiseach maidir le haontachas leis an Aontas. Tháinig méadú ar chomhar agus ailíniú foriomlán na hÚcráine le CBES an Aontais. Bhí an méadú mór ar rátaí ailínithe na Moldóive agus na Boisnia agus na Heirseagaivéine le CBES, agus ailíniú aontaobhach leanúnach na Cosaive, ina ndeimhnithe tábhachtacha freisin maidir lena dtreo straitéiseach i dtreo an Aontais, cé gur dúshlán i gcónaí

[14] EUCO 7/21.
[15] EUCO 7/23.

é cur chun feidhme na smachtbhannaí sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin. Choinnigh an tSeirbia a patrún ailínithe ar bun le linn na tréimhse tuairiscithe agus táthar ag súil, mar ábhar tosaíochta, go gcomhlíonfaidh sí a gealltanas agus go ndéanfaidh sí ailíniú de réir a chéile le CBES AE, é san áireamh maidir le bearta sriantacha an Aontais, i gcomhréir lena chreat caibidlíochta, agus go seachnófar gníomhaíochtaí agus ráitis a théann in aghaidh sheasaimh an Aontais maidir leis an mbeartas eachtrach. Tá ailíniú na Seoirsia le CBES fós íseal agus táthar ag súil leis go n-aisiompóidh an tír an treocht sin. Ní dhearna an Tuirc aon dul chun cinn maidir le hailíniú CBES le linn na tréimhse tuairiscithe, agus ráta an-íseal á choinneáil ar bun aige. Lean an Tuirc de bheith ag staonadh ó ailíniú a dhéanamh le bearta sriantacha an Aontais in aghaidh na Rúise. A reitric a thacaíonn leis an ngrúpa sceimhlitheoireachta Hamas tar éis a ionsaithe in aghaidh Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023, tá sé ag teacht salach ar chur chuige an Aontais amach agus amach. An tráth céanna, d'éascaigh an Tuirc, in éineacht leis na Náisiúin Aontaithe, onnmhairiú ghrán na hÚcráine tríd an Muir Dhubh trí Thionscnamh Ghrán na Mara Duibhe, go dtí gur chuir an Rúis an sásra ar fionraí go haontaobhach. Lean na comhpháirtithe dá rannchuidiú luachmhar le misin agus oibríochtaí an chomhbheartais slándála agus cosanta.

Lean na Balcáin Thiar, an Tuirc, an Úcráin, an Mholdóiv agus an tSeoirsia de bheith ag ailíniú leis an Aontas, agus iad ag vótáil ar fhormhór na rún ábhartha ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe a bhain le cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Mar chomhalta neamhbhuan de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lean an Albáin de bheith rannpháirteach go gníomhach i gcur chun cinn agus i gcosaint an dlí idirnáisiúnta, Chairt na Náisiún Aontaithe agus an oird idirnáisiúnta riailbhunaithe.

Ghlac an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Mholdóiv agus an Úcráin páirt sa Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta. Rinne siad dul chun cinn mór sa chosaint shibhialta trína n-acmhainneacht riaracháin agus oibríochtúil a mhéadú chun dlúthpháirtíocht an Aontais a léiriú. Tá na cearta agus na hoibleagáidí céanna ag stáit rannpháirteacha an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta agus atá ag Ballstáit an Aontais faoin sásra.

Molann an Coimisiún do thíortha uile an mhéadaithe a bheith níos uaillmhianaí agus a ngníomhaíocht chomhordaithe maidir leis an aistriú glas a neartú, go háirithe trí thosaíocht a thabhairt do phríomhshruthú an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip i ngach réimse beartais. Moltar do na tíortha atá ina bpáirtithe i gConradh an Chomhphobail Fuinnimh gealltanais a chur chun feidhme faoi Threochlár Dícharbonúcháin an Chomhphobail Fuinnimh agus ullmhú don Chóras Trádála Astaíochtaí i gcomhréir leis an moladh ón gComhphobal Fuinnimh.

## III. Tíortha an mhéadaithe ar a mbealach chuig an Aontas Eorpach

A mhéid a bhaineann le **Montainéagró**, tá a chaibidlí uile ar oscailt le haghaidh caibidlíochta, agus trí cinn acu dúnta go sealadach. Is é an chéad gharsprioc eile tagarmharcanna eatramhacha na gcaibidlí maidir leis an smacht reachta a bhaint amach. A mhéid a bhaineann leis **an tSeirbia**, tá 22 as 35 chaibidil caibidlíochta oscailte aige, agus 2 cheann acu sin dúnta go sealadach. Beidh an bealach i dtreo tuilleadh cnuasach a oscailt ag brath ar dhul chun cinn na tíre, go háirithe ar luas na n-athchóirithe ar an smacht reachta agus normalú an chaidrimh leis an gCosaiv.

I gcomhréir leis an modheolaíocht athbhreithnithe[16], sna conclúidí agus sna moltaí sa Teachtaireacht seo, déanann an Coimisiún measúnú ar **an gcothromaíocht fhoriomlán sa chaibidlíocht aontachais** le Montainéagró agus leis an tSeirbia agus molann sé an bealach

[16] COM(2020) 57 final.

chun cinn do gach tír. D'fhéadfaí na chéad chomhdhálacha idir-rialtasacha eile a reáchtáil tar éis fhoilsiú an phacáiste bhliantúil tuarascálacha seo.

Tar éis na chéad Chomhdhála Idir-Rialtasaí leis **an Albáin** agus leis **an Macadóin Thuaidh** an 19 Iúil 2022, sheol an Coimisiún an **scagadh** ar an *acquis* láithreach. Reáchtáladh na seisiúin uile maidir le cnuasach 1 (na Gnéithe Bunúsacha), cnuasach 2 (an Margadh Inmheánach), cnuasach 3 (an tIomaíochas agus an Fás Cuimsitheach) agus cnuasach 4 (an Clár Oibre Glas agus an Nascacht Inbhuanaithe). Tá seisiúin mhíniúcháin agus dhéthaobhacha maidir leis an dá chnuasach eile ar siúl faoi láthair nó tá sé beartaithe iad a reáchtáil faoi mhí na Nollag 2023. Cuireadh na tuarascálacha scagtha i ndáil leis an gcnuasach maidir leis na gnéithe bunúsacha faoi bhráid na Comhairle i mí Iúil 2023. Tá sé curtha in iúl go seasta ag na húdaráis go bhfuil siad tiomanta go polaitiúil do sprioc straitéiseach lánpháirtiú an Aontais agus go bhfuil sé d'uaillmhian acu dul ar aghaidh sa chaibidlíocht aontachais bunaithe ar dhul chun cinn leanúnach san athchóiriú.

Tar éis olltoghcháin mhí Dheireadh Fómhair 2022 **sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin**, chuaigh Comhairle Airí nua ar leibhéal an stáit i mbun oifige ag deireadh mhí Eanáir, agus chuaigh rialtas nua eintiteas na Cónaidhme i mbun oifige ag tús mhí na Bealtaine 2023. Tar éis don Aontas **stádas mar thír is iarrthóir** a dheonú i mí na Nollag 2022, dhearbhaigh an chomhghuaillíocht nua rialaithe go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh aici maidir le conair an Aontais mar phríomhthosaíocht dá comhaontú comhghuaillíochta agus chuir sí in iúl go bhfuil sí tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar na 14 phríomhthosaíocht sa Tuairim ón gCoimisiún maidir le hiarratas na Boisnia agus na Heirseagaivéine ar bhallraíocht san Aontas, ghlac Comhairle Airí na Boisnia agus na Heirseagaivéine roinnt straitéisí (maidir leis an sceimhlitheoireacht, an choireacht eagraithe, an sciúradh airgid agus an imirce) agus dréachtdlíthe. Ghlac an Pharlaimint roinnt dlíthe a bhaineann leis na 14 phríomhthosaíocht agus na céimeanna a shonraítear sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le stádas mar thír is iarrthóir. Neamhnigh an Chúirt Bhunreachtúil roinnt gníomhartha dlíthiúla agus polaitiúla a ghlac eintiteas *Republika Srpska* mar ghníomhartha a sháraíonn an t-ord bunreachtúil agus dlí. Maidir le pionóis choiriúla as clúmhilleadh a tugadh isteach arís in eintiteas *Republika Srpska* i mí Iúil 2023, bíonn tionchar mór aige sin ar an timpeallacht don tsochaí shibhialta agus is céim mhór siar é i gcosaint na gceart bunúsach. Ghlac tionól an eintitis dréachtdlí lena ndírítear ar ghrúpaí na sochaí sibhialta mar 'ghníomhairí eachtracha' ar an gcéad léamh; dá nglacfaí é ina iomláine, ba chéim mhór siar eile é sin, céim mhór siar aiféalach agus doshéanta. I mí an Mheithimh 2023 ghlac an t-eintiteas *Republika Srpska* dhá dhlí maidir le neamhchur chun feidhme rialuithe na Cúirte Bunreachtúla agus cinntí an Ardionadaí, rud a sháraigh ord bunreachtúil agus dlíthiúil na tíre.

Ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa an cinneadh maidir le léirscaoileadh víosaí **don Chosaiv** in earrach 2023. I mí na Nollag 2022 rinne an Chosaiv iarratas ar bhallraíocht san Aontas. Bhí tionchar mór ag roinnt géarchéimeanna lenar bhain déine éagsúil i dtaca le roinnt saincheisteanna ar an staid i dtuaisceart na Cosaive le linn na tréimhse tuairiscithe, agus ionsaí foréigneach ar Phóilíní na Cosaive an 24 Meán Fómhair 2023 arb é an géarú is mó le blianta beaga anuas é. Ba iad saincheisteanna maidir le plátaí ceadúnais a spreag géarchéimeanna eile, rud a d'fhág gur éirigh Seirbiaigh na Cosaive as institiúidí na Cosaive i dteannta a chéile i mí na Samhna 2022.

Tháinig an Chosaiv agus an tSeirbia ar Chomhaontú maidir leis an gConair do Normalú agus maidir leis an Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2023 faoi seach. Ní dhearna an Chosaiv ná an tSeirbia a n-oibleagáidí féin faoin gComhaontú

a chur chun feidhme go fóill, ar oibleagáidí iad sin atá ina gceangal ar na Páirtithe agus atá ina gcuid dá gconair Eorpach.

Lean an tAontas agus **an Tuirc** dá n-idirphlé i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach in 2021. Is tír is iarrthóir í an Tuirc agus is comhpháirtí tábhachtach de chuid an Aontais atá inti i réimsí ríthábhachtacha comhleasa amhail an trádáil, an imirce, an fhrithsceimhlitheoireacht, an tsláinte phoiblí, an aeráid, an fuinneamh, an t-iompar agus saincheisteanna réigiúnacha. Tá an chaibidlíocht aontachais fós ina stad, ós rud é nár aisiompaigh an Tuirc an treocht dhiúltach maidir le dul i dtreo contrártha leis an Aontas Eorpach, agus cúlú tromchúiseach i roinnt príomhréimsí. Maidir le cúrsaí fuinnimh, tá an Tuirc fós ina tír idirthurais atá tábhachtach agus iontaofa don Aontas Eorpach. D'fhreagair an tAontas láithreach i ndlúthpháirtíocht le creathanna talún mhí Feabhra 2023 a bhuail oirdheisceart na Tuirce le foirne tarrthála agus tacaíocht chomhchineáil trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, agus chuidigh sé le gealltanas foriomlán EUR 6 bhilliún ón gcomhphobal idirnáisiúnta a shlógadh. Tá an dá thaobh ag comhoibriú go rathúil chun an EUR 1 bhilliún de chúnamh atá geallta ag an Aontas a chur chun feidhme. Tá an tAontas Custaim idir an tAontas agus an Tuirc fós ag dul chun tairbhe don dá thaobh. Ba cheart a áirithiú go n-urramófar bearta sriantacha an Aontais ina n-iomláine, agus saorchúrsaíocht táirgí laistigh den Aontas Custaim idir an tAontas agus an Tuirc á cur san áireamh go háirithe.

Sa Tuairim ón gCoimisiún maidir le hiarratas **na hÚcráine** ar bhallraíocht san Aontas, sainaithníodh 7 gcéim chun go bhféadfaidh an Úcráin dul ar aghaidh ar a conair aontachais leis an Aontas. Thug an Chomhairle Eorpach stádas mar thír is iarrthóir don Úcráin agus d'iarr sí ar an gCoimisiún tuairisc a thabhairt ar chur chun feidhme na 7 gcéim mar chuid lárnach den phacáiste seo.

Sa Tuairim ón gCoimisiún maidir le hiarratas **na Moldóive** ar bhallraíocht san Aontas, sainaithníodh 9 gcéim chun go bhféadfaidh an Mholdóiv dul ar aghaidh ar a conair aontachais leis an Aontas. Thug an Chomhairle Eorpach stádas mar thír is iarrthóir don Mholdóiv agus d'iarr sí ar an gCoimisiún tuairisc a thabhairt ar chur chun feidhme na 9 gcéim mar chuid lárnach den phacáiste seo.

Sa Tuairim ón gCoimisiún maidir le hiarratas **na Seoirsia** ar bhallraíocht san Aontas, sainaithníodh 12 thosaíocht chun go bhféadfaidh an tSeoirsia dul ar aghaidh ar a conair aontachais leis an Aontas. Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl go bhfuil sí réidh chun stádas tír is iarrthóir a dheonú don tSeoirsia a luaithe a bheidh aghaidh tugtha ar na tosaíochtaí sin. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún tuairisc a thabhairt ar chur chun feidhme na dtosaíochtaí sin mar chuid lárnach den phacáiste seo.

## IV. Gnéithe bunúsacha phróiseas aontachais an Aontais

An **smacht reachta, cearta bunúsacha, feidhmiú institiúidí daonlathacha agus athchóiriú ar an riarachán poiblí** agus na **critéir eacnamaíocha**, is iad croílár **'gnéithe bunúsacha' phróiseas aontachais an Aontais**, mar a thugtar orthu. Is é cáilíocht na n-institiúidí agus an rialachais an bonn chun feabhas a chur ar an iomaíochas, ar an rathúnas agus ar fholláine na sochaí, agus tá sí ina bonn taca faoin gcumas *acquis* an Aontais a chomhlíonadh ar bhonn uilechoiteann. Tá athchóirithe inchreidte do-aisiompaithe ar na gnéithe bunúsacha ríthábhachtach do thíortha an mhéadaithe chun dul chun cinn a dhéanamh ar a gconair aontachais féin leis an Aontas. Le bliain anuas, tugadh faoi deara go háirithe san Úcráin agus

sa Mholdóiv an dul chun cinn atá déanta ar na cláir oibre um athchóiriú a bhaineann leis na gnéithe bunúsacha mar fhreagairt ar na moltaí sna Tuairimí ábhartha ón gCoimisiún.

Chun an smacht reachta a dhaingniú, tá gá le **córas breithiúnach** atá neamhspleách, neamhchlaonta, cuntasach agus gairmiúil, a fheidhmíonn go héifeachtúil agus le hacmhainní leordhóthanacha, atá saor ó chur isteach seachtrach míchuí, agus ina ndéantar cinntí a fhorghníomhú go héifeachtach agus go tráthúil. Rinneadh dul chun cinn i gcásanna áirithe, agus cuireadh athchóirithe breithiúnacha chun cinn, mar shampla, san Albáin, sa Mholdóiv, sa tSeirbia agus san Úcráin. Mar sin féin, i bhformhór thíortha an mhéadaithe, tá comhlachtaí breithiúnacha fós neamhchosanta ar go leor dúshlán agus leochaileachtaí. Ba chúis imní i gcónaí iarrachtaí na bpolaiteoirí i roinnt tíortha chun giúistísí a nochtadh go poiblí agus brú a chur orthu, go háirithe i gcásanna íogaire. D'fhan socruithe institiúideacha a dhéanann difear diúltach do neamhspleáchas breithiúna agus ionchúisitheoirí i bhfeidhm, rud a rinne difear ar deireadh do chothromaíocht agus do dheighilt na gcumhachtaí. Mar thoradh air sin, bhí creidiúnacht na mbreithiúna sách íseal ar an iomlán, lena n-áirítear tuiscint choiteann an phobail ar an tsaoirse ó phionós. I roinnt tíortha, léiríodh le hathchóirithe ceartais nach bhfuil ach acmhainneacht cur chun feidhme theoranta ann fiú i gcás ina bhfuil an toil pholaitiúil ann. Tá éifeachtacht na n-údarás imscrúdaitheach agus breithiúnach, agus cuntas teiste inchreidte torthaí ina toradh air, fíor-riachtanach chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le haontachas leis an Aontas.

Tá an **comhrac in aghaidh an éillithe** fós ina thosaíocht do rialtais i dtíortha an mhéadaithe. Tá **an t-éilliú**, lena n-áirítear an t-éilliú ardleibhéil, fós forleathan ar fud thíortha an mhéadaithe agus is ábhar imní fós é fostú na leasanna poiblí agus príobháideacha. Rinneadh roinnt iarrachtaí chun an comhrac in aghaidh an éillithe a neartú. Is tosaíocht thábhachtach i gcónaí é bearta frithéillithe a phríomhshruthú ar fud na n-earnálacha is leochailí, agus teastaíonn cumhachtú agus neamhspleáchas níos fearr ó chomhlachtaí forfheidhmithe dlí agus ó chomhlachtaí breithiúnacha. Tá gnéithe den ghreamú stáit fós ann, agus tá bagairtí ar an gcobhsaíocht dhaonlathach, an t-éilliú ardleibhéil agus tionchar míchuí ó **olagarcaí** le feiceáil, mar aon le hiarrachtaí ó líonraí coiriúla eagraithe cur isteach ar chórais eacnamaíocha agus córais pholaitiúla, riaracháin agus na meáin. Ní mór aghaidh a thabhairt go práinneach ar na dúshláin sin trí chineálacha cur chuige córasacha agus cuimsitheacha. Cuntas teiste inchreidte maidir le himscrúduithe réamhghníomhacha, ionchúisimh agus ciontuithe deiridh a bhaineann leis an éilliú, leis an gcoireacht eagraithe agus le sciúradh airgid, beidh sé sin ina phríomhtháscaire ratha. Chun bheith inchreidte, ba cheart do na gníomhaithe uile i slabhra an smachta reachta torthaí daingne a bhaint amach mar aon le cuntas teiste maidir le himscrúduithe réamhghníomhacha, ionchúisimh agus ciontuithe deiridh a bhaineann leis an éilliú, leis an gcoireacht eagraithe agus leis an sciúradh airgid.

Is colún lárnach de phróiseas aontachais an Aontais iad próisis dhaonlathacha agus **institiúidí daonlathacha** atá cobhsaí agus comhdhlúite. Tá tús curtha ag an gCoimisiún le rannpháirtíocht neartaithe agus chuíchóirithe a chur chun feidhme le tíortha an mhéadaithe maidir leis an gcreat ginearálta don daonlathas, cé acu a bhaineann nó nach mbaineann sé sin leis an bpróiseas toghcháin, le feidhmiú na Parlaiminte (lena n-áirítear a ról maoirseachta i bhfeidhmíocht rialtais agus i gceapadh beartas agus an spleáchas iomarcach atá ar nósanna imeachta brostaithe i roinnt mhaith cásanna fós), nó le ról na sochaí sibhialta.

Lean **deighilt** pholaitiúil shuntasach, easpa comhar traspháirtí, agus laghdú spáis don tsochaí shibhialta de dhifear a dhéanamh d'fhormhór na dtíortha. Bhí sáinn pholaitiúil fhada agus marbhántacht athchóirithe ann mar thoradh ar easpa idirphlé éifeachtach traspháirtí. I gcásanna

áirithe, sna díospóireachtaí parlaiminteacha bhí teannas, caint mhaslach agus teagmhais fhoréigneacha ann ó am go chéile.

I roinnt thíortha an mhéadaithe, rinneadh roinnt dul chun cinn maidir le **cearta bunúsacha**, agus léiríodh tuiscint níos fearr ar an tábhacht a bhaineann leis na cearta agus na saoirsí sin a ráthú. An tráth céanna, lean roinnt treochtaí diúltacha ar aghaidh agus tá foréigean inscnebhunaithe fós forleathan, agus lean leasanna polaitiúla agus eacnamaíocha de bhac a chur ar shaoirse na meán, rud a lagaíonn an smacht ar údaráis phoiblí, a chruthaíonn spás don trasnaíocht eachtrach agus a dhéanann dochar don chumarsáid faoin Aontas. I dtíortha áirithe, tá tionscnaimh dhearfacha á gcur i bhfeidhm maidir le cearta an linbh agus cearta daoine faoi mhíchumas. Sa chleachtas, áfach, déantar difear diúltach do chosaint na gceart bunúsach mar gheall ar chur chun feidhme easnamhach dlíthe agus beartas agus mar gheall ar neamhéifeachtacht na sásraí sásaimh ar bhonn uilechoiteann. Tá dúshláin fós ann maidir le cosaint éifeachtach ar gach cineál fuatha agus idirdhealaithe a áirithiú, lena n-áirítear an cineál sin fuatha agus idirdhealaithe atá dírithe ar mhionlaigh.

Maidir le cúrsaí **ceartais, saoirse agus slándála**, lean an comhar maidir le forfheidhmiú an dlí agus an comhar breithiúnach idir an tAontas agus tíortha an mhéadaithe de bheith ag forbairt go dearfach, cé go bhfuil dúshláin ann fós. Leanann na Balcáin Thiar de bheith ag feidhmiú mar mhol le haghaidh gníomhaíochtaí coiriúla agus grúpaí atá gníomhach san Aontas, mar phointe idirthurais tábhachtach d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, don smuigleáil imirceach agus do thráchtearraí aindleathacha, go háirithe i gcás drugaí a thagann isteach san Aontas. Bíonn tionchar mór ag coirpigh agus líonraí coiriúla de thionscnamh na mBalcán Thiar ar choireacht thromchúiseach agus eagraithe in áiteanna eile ar domhan freisin. Tá an Tuirc fós ina príomhthír idirthurais le haghaidh hearóin a a gháinneálann isteach Aontas Eorpach. Tá grúpaí coireachta eagraithe ón Moldóiv agus ón tSeoirsia gníomhach i smuigleáil imirceach, coireacht mhaoine eagraithe, gáinneáil ar dhaoine, coireacht chibirspleách, calaois íocaíochta neamhairgid, calaois chánach, agus coinníollacha coireanna gaolmhara eile amhail calaois doiciméad. Tá an Úcráin suite ag crosbhóthar na smuigleála earraí neamhdhleathacha chuig an Aontas agus is tír fhoinseach, agus cinn scríbe í freisin le haghaidh na gáinneála ar dhaoine. D'ainneoin na ndúshlán a bhaineann leis an gcogadh, lena n-áirítear acmhainneachtaí institiúideacha ganna mar gheall ar chaillteanais mhóra acmhainní chun an choireacht eagraithe a chomhrac, léirigh institiúidí ábhartha na hÚcráine athléimneacht shuntasach agus cumais oibríochtúla shuntasacha.

Tá daingniú agus cur chun feidhme ceart coinbhinsiún idirnáisiúnta i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta, go háirithe na coinbhinsiúin sin a forbraíodh i gComhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach, fíorthábhachtach ó thaobh aontachas na dtíortha sin leis an Aontas amach anseo.

Tá an comhar maidir leis **an bhfrithsceimhlitheoireacht agus maidir leis an radacú a chosc** ábhartha do thíortha uile an mhéadaithe. Tá an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach ina ndúshlán agus ina mbagairt slándála fós. Is dúshlán polaitiúil agus slándála do thíortha an mhéadaithe fós iad **bagairtí hibrideacha**, lena n-áirítear bréagaisnéis, ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (FIMI) agus cibirionsaithe, go háirithe cibirionsaithe in aghaidh an bhonneagair chriticiúil. Tar éis méadú géar anuraidh mar gheall ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, tá baol suntasach ag baint leis na bagairtí sin fós do thíortha an Aontais agus do thíortha an mhéadaithe araon. Is é an Plean Comhpháirteach Gníomhaíochta maidir leis an bhFrithsceimhlitheoireacht do na Balcáin Thiar an príomhchreat comhair sa réimse sin ó bhí 2018 ann.

Mar aon le méadú foriomlán ar shreabha **imirce** neamhrialta, tá gá le haird leanúnach ar phatrúin athraitheacha i mbealaí na mBalcán Thiar, go háirithe maidir le gníomhaíocht neamhdhleathach líonraí a bhfuil baint acu le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine. Tá dul chun cinn déanta maidir le hacmhainneachtaí bainistithe imirce i réigiún na mBalcán Thiar. Chuir an Coimisiún Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis na Balcáin Thiar i láthair i mí na Nollag 2022 chun aghaidh a thabhairt ar an méadú atá ag teacht ar an líon imirceach neamhrialta a thagann isteach san Aontas trí bhealach na mBalcán Thiar. Tháinig torthaí tosaigh ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta sin agus tháinig laghdú ar an mbrú imirce ar bhealach na mBalcán Thiar in 2023 a bhuí go háirithe le rannpháirtíocht mhéadaithe pholaitiúil, airgeadais agus oibríochtúil idir an tAontas agus comhpháirtithe na mBalcán Thiar maidir leis an imirce agus le hailíniú feabhsaithe le beartas víosaí an Aontais. Tá sé fós ríthábhachtach an beartas víosaí a ailíniú leis an Aontas ar mhaithe le dea-fheidhmiú chóras taistil gan víosa na gcomhpháirtithe sin leis an Aontas. Ba cheart leanúint d'iarrachtaí breise a dhéanamh chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le gach gné den Phlean Gníomhaíochta.

Chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin leanúnacha feadh bhealach na Meánmhara Thoir, chuir an Coimisiún Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le bealach na Meánmhara Thoir i láthair i mí Dheireadh Fómhair 2023. Leagtar amach ann bearta oibríochtúla chun imeacht neamhrialta a chosc, smuigleáil a chomhrac, bealaí dlíthiúla a sholáthar, feabhas a chur ar bhainistiú teorainneacha, tacú le comhar maidir le filleadh agus athligean isteach, agus acmhainneacht ghlactha leordhóthanach.

De thoradh chogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine, tá méadú tagtha ar an líon dídeanaithe ón Úcráin.  An Mholdóiv, ina bhfuil an líon is mó dídeanaithe *per capita* ón Úcráin á óstáil i measc thíortha an mhéadaithe, ach freisin tíortha amhail Montainéagró, an tSeirbia, an Albáin agus an Mhacadóin Thuaidh, bhí ról ríthábhachtach acu maidir leis na dídeanaithe sin a óstáil.

Tá cáilíocht an **riaracháin phoiblí** agus cáilíocht an chreata rialála ríthábhachtach d'**iomaíochas fadtéarmach an Aontais**[17]. Ar an iomlán, tá tíortha an mhéadaithe fós **measartha ullamh** ó thaobh cháilíocht a riaracháin phoiblí de. Le linn na tréimhse tuairiscithe, bhí dul chun cinn an athchóirithe an-teoranta ar an iomlán. Tá feidhm ag an gcuid is mó de mholtaí na mblianta a tháinig roimhe sin fós. Gnáthphatrún a bhíonn ann is ea go gcuirtear bunús foirmiúil dlí agus institiúideach le haghaidh riarachán gairmiúil i bhfeidhm go páirteach ar a laghad, ach nach gcuirtear i bhfeidhm go córasach é.

Ó cuireadh tús le cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine i mí Feabhra 2022, bhí ar fhormhór na **ngeilleagar** sna 10 dtír méadaithe aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra eacnamaíocha agus shóisialta. San Úcráin, tháinig laghdú 29,1 % ar OTI in 2022 ós rud é go raibh tionchar ollmhór ag cogadh foghach na Rúise ar an tír ina hiomláine, rud a d'fhág go raibh brú mór ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch. Tháinig moill ar **fhás OTI** réigiún na mBalcán Thiar go 3,2 % in 2022, ar laghdú é sin ón ón téarnamh 7,7 % ó thionchar COVID-19 in 2021, ach bhí éagsúlacht ag baint le déine an mhoillithe ar fud na ngeilleagar, agus tháinig laghdú ar fhíorfhás OTI go 6,1 % i Montainéagró, 4,8 % san Albáin, 4 % sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, 3,5 % sa Chosaiv, 2,3 % sa tSeirbia agus 2,1 % sa Mhacadóin Thuaidh. Sa Tuirc, tháinig moill ar fhás OTI go 5,6 %. Sa Mholdóiv, tháinig laghdú mór 5,9 % ar OTI, agus sa tSeoirsia, lean OTI de bheith ag fás ar leibhéil dhá dhigit (10,1 %). Iarmhairtí díreacha agus indíreacha an chogaidh in aghaidh na hÚcráine, lena n-áirítear an tionchar a bhí aige ar naisc trádála, ar an bhfuinneamh, ar phraghsanna bia agus ar shreabha dídeanaithe, ba iad ba chúis

[17] COM(2023) 168 final.

leis na difríochtaí ó thír go tír san fhás eacnamaíoch den chuid is mó. Tá an réamhaisnéis eacnamaíoch le haghaidh na ndeich ngeilleagar fós faoi réir éiginnteacht mhór maidir leis na hiarmhairtí breise a d'fhéadfadh a bheith ag an gcogadh ar an bhfás, ar an bhfostaíocht agus ar an gcomhtháthú sóisialta.

Tá sé ag éirí níos tábhachtaí go gcuirfidh gach ceann de na deich ngeilleagar méadaithe dlús le h**athchóirithe struchtúracha** chun **téarnamh inbhuanaithe** a chumasú sa mheántéarma agus chun dul chun cinn a dhéanamh i dtaca leis na critéir eacnamaíocha maidir le ballraíocht san Aontas a chomhlíonadh: Baineann an méid sin le feidhmiú geilleagar margaidh a áirithiú agus an acmhainneacht déileáil le brú iomaíochta agus le fórsaí margaidh laistigh den Aontas a léiriú.

Tá forléargas níos mionsonraithe ar an staid maidir le gnéithe bunúsacha phróiseas aontachais an Aontais ar fud thíortha an mhéadaithe ar fáil in Iarscríbhinn 1.

### V. Ní mór dlús a chur leis an gcóineasú eacnamaíoch sna Balcáin Thiar

In 2023 tar éis 6 ráithe as a chéile ina raibh moill ar fhás, tháinig méadú níos tapúla ar an aschur eacnamaíoch i réigiún na mBalcán Thiar sa chéad ráithe de 2023 ná sna 3 mhí roimhe sin. Mhéadaigh fás OTI an réigiúin beagán go 1,7 % bliain i ndiaidh bliana ó 1,6 % sa ráithe roimhe sin, mar gur tháinig méadú ar an ráta fáis aschuir i bhformhór na dtíortha seachas an Albáin agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin. Tríd is tríd, ba iad glanonnmhairí agus téarnamh na hinfheistíochta ba chúis leis an bhfás. Chonacthas feidhmíocht mheasctha maidir leis an tomhaltas príobháideach, mar gur tháinig moill air i bhformhór na dtíortha agus bhí sé diúltach fiú i roinnt cásanna, ach lean sé de bheith ag méadú ar luas láidir i Montainéagró.

Fiú roimh phaindéim COVID-19, bhí ar gheilleagair na mBalcán Thiar aghaidh a thabhairt ar **dhúshláin mhóra**, rud a chuir cosc orthu leas iomlán a bhaint as a n-acmhainneacht eacnamaíoch. Bhí na tíortha ag titim ar gcúl maidir lena struchtúir eacnamaíocha a athchóiriú agus feabhas a chur ar iomaíochas, agus bhí orthu aghaidh a thabhairt ar rátaí dífhostaíochta arda (go háirithe i measc na ndaoine óga), mímheaitseáil mhór scileanna, geilleagar neamhfhoirmiúil leanúnach, timpeallachtaí gnó eascairdiúla agus leibhéil ísle nuálaíochta.

Is saintréithe den **timpeallacht infheistíochta** sna Balcáin Thiar iad an smacht reachta lag, easpa forfheidhmithe chuí ar rialú státchabhrach, geilleagar liath daingean, rochtain lag ar airgeadas agus leibhéal íseal lánpháirtíochta agus nascachta réigiúnaí. Leanann an Stát de chur isteach ar an ngeilleagar, rud a ghéaraíonn an riosca éillithe trí bhíthin bainistíocht airgeadais phoiblí lag agus trí athruithe a chur i bhfeidhm ar an timpeallacht rialála agus ar an gcánachas go minic. Tá géarghá le bonneagar a uasghrádú; ba cheart infheistíochtaí a dhíriú trí phíblínte tionscadail aonair agus ba cheart iad a bheith comhsheasmhach leis na tosaíochtaí a comhaontaíodh leis an Aontas.

Tá **cóineasú eacnamaíoch** i gcroílár na dtairbhí a bhaineann le ballraíocht san Aontas. I gcás na mBalcán Thiar, tá an cóineasú íseal, idir 30 % agus 50 % de mheán an Aontais (ó thaobh paireacht cumhachta ceannaigh de), agus níl dul chun cinn á dhéanamh ina leith tapa go leor. Léiríonn an taithí a fuarthas ón gcúigiú huair a rinneadh an tAontas a mhéadú an tionchar dearfach a bhíonn ag ballraíocht i margadh aonair an Aontais mar aon le cistí struchtúracha ar an gcóineasú eacnamaíoch.




*Foinse: Eurostat, an Banc Domhanda*




*Foinse: Eurostat, an Banc Domhanda*

Chun dlús breise a chur le hathchóirithe agus chun níos mó a bhaint amach ó thaobh **cóineasú socheacnamaíoch na mBalcán Thiar** leis an Aontas Eorpach, agus chun cuidiú leis na tíortha na ceanglais maidir le ballraíocht san Aontas a chomhlíonadh, tá **Plean Fáis nua do na Balcáin Thiar** á mholadh ag an gCoimisiún Eorpach[18], rud lena dtabharfaí chun cinn roinnt de na buntáistí agus lena ndéanfaí dreasachtaí a bhaineann le ballraíocht san Aontas a athchóiriú a thuilleadh roimh an aontachas leis an Aontas.

### VI. COMHAR RÉIGIÚNACH AGUS DEA-CHAIDREAMH COMHARSANACHTA

Sna Balcáin Thiar, dea-chaidreamh comharsanachta agus comhar réigiúnach, is gnéithe fíor-riachtanacha iad den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais agus de na próisis maidir leis an méadú.

Tar éis '**fánaíocht ar tháillí baile**' a thabhairt isteach go rathúil laistigh de shé gheilleagar na mBalcán Thiar ón 1 Iúil 2021, rinneadh réamhbhearta breise chun **táillí fánaíochta idir na Balcáin Thiar agus an tAontas a laghdú**. Glacadh treochlár chun costais fánaíochta idir an tAontas agus na Balcáin Thiar a ísliú ar imeall an Chruinnithe Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar i mí na Nollag 2022 i dTiorána. Cuireadh tús leis an gcéad laghdú céimnithe ar mhuirir i mí Dheireadh Fómhair 2023. Is é uaillmhian deiridh an phróisis praghsanna fánaíochta leis an Aontas a laghdú go dtí leibhéal atá gar do phraghsanna baile faoi 2027. An 31 Bealtaine 2023 chomhaontaigh oibreoirí teileachumarsáide an Aontais agus na Moldóive taraifí fánaíochta a ísliú go deonach ó mhí Eanáir 2024, rud a thabharfaidh an Mholdóiv níos gaire don limistéar Fánaíochta ar Tháille Baile.

Tá obair shuntasach theicniúil déanta ar fud raon iomlán na réimsí a chumhdaítear le tionscnamh **an Chómhargaidh Réigiúnaigh**. Is é is aidhm don obair sin faoi choimirce na **Comhairle um Chomhar Réigiúnach**, **Chomhaontú Saorthrádála Lár na hEorpa (CEFTA)** agus **Fhóram Infheistíochta Chomhlachais Tráchtála na Sé Thír sna Balcáin Thiar** saorghluaiseacht daoine, gairmithe agus soláthar seirbhísí leictreonacha a chumasú, fostú agus trádáil a éascú agus nósanna imeachta custaim a dhéanamh níos simplí laistigh den réigiún. I mí na Samhna 2022 ag Cruinniú Mullaigh Phróiseas Bheirlín, d'fhormheas ceannairí na Sé Thír sna Balcáin Thiar (WB6) roinnt 'comhaontuithe soghluaisteachta' lena gcumhdaítear taisteal laistigh den réigiún ar bhonn cártaí aitheantais, aithint cáilíochtaí ardoideachais agus aitheantas do cháilíochtaí gairmiúla. A luaithe a chuirfear na comhaontuithe sin chun feidhme, cuirfear ar fáil leo an ceart chun 'taisteal, staidéar agus obair' a dhéanamh ar fud an réigiúin. Bunaíodh lánaí glasa agus gorma breise idir an Iodáil, agus Montainéagró agus an Albáin faoi seach, agus idir an Chróit, agus Montainéagró agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin faoi seach, le tacaíocht ghníomhach ón gComhphobal Iompair agus ó CEFTA. Ar bhonn níos ginearálta, bhí ról tábhachtach ag an gComhphobal Iompair agus é ag tacú leis na Balcáin Thiar i bpróiseas an mhéadaithe trí *acquis* iompair an Aontais ábhartha a chur chun feidhme, agus déanfaidh sí amhlaidh i gcás na hÚcráine, na Moldóive agus na Seoirsia, nuair a bheidh comhlachas níos dlúithe acu leis an gComhphobal Iompair. Mar sin féin, lean easaontais maidir le saincheisteanna stádais idir an tSeirbia agus an Chosaiv de chosc a chur ar ghlacadh foirmiúil líon mhéadaithigh dréachtchinntí atá tábhachtach ó thaobh an gheilleagair de agus a comhaontaíodh go teicniúil i gcreat CEFTA. Ní mór don réigiún ceannaireacht pholaitiúil a léiriú chun an obair sin a chur i gcrích agus chun comhaontuithe nó cinntí atá ceangailteach ó thaobh dlí a ghlacadh ar nós chomhpháirtithe uile na mBalcán Thiar ar mhaithe lena bpobal agus lena ngnólachtaí. Chuige sin, ní mór díriú go comhpháirteach ar an

[18] COM (2023) 691

gCómhargadh Réigiúnach a bhunú, lena gcuirtear le rialacha agus caighdeáin an Aontais agus lena seachnaítear bearta aontaobhacha lena gcuirtear an obair sin i mbaol.

Tá **normalú cuimsitheach an chaidrimh idir an tSeirbia agus an Chosaiv** tríd an Idirphlé atá á éascú ag an Aontas fós lárnach do thodhchaí Eorpach na dtíortha agus do chobhsaíocht an réigiúin ina iomláine.

**Comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana**, lena n-áirítear Comhaontú Prespa idir an Ghréig agus an Mhacadóin Thuaidh agus an Conradh maidir le Cairdeas, Dea-Chomharsanacht agus Comhar idir an Bhulgáir agus an Mhacadóin Thuaidh, ní mór do na páirtithe uile iad a chur chun feidhme de mheon macánta.

Sna Balcáin Thiar, tá sé fós ríthábhachtach **oidhreacht an ama atá caite** a shárú agus aghaidh a thabhairt ar dhíospóidí a eascraíonn as coinbhleachtaí na 1990í. Ní mór saincheisteanna déthaobhacha tábhachtacha atá fós gan réiteach a réiteach, lena n-áirítear saincheisteanna teorann agus ceartas a bhaint amach d’íospartaigh coireanna cogaidh, daoine atá fós ar iarraidh a shainaithint, agus taifead cruinn ar ainghníomhartha a rinneadh san am a chuaigh thart a bhunú ar an leibhéal réigiúnach. Ní ghlacfar le reitric ghríosaitheach ná le glóiriú coirpeach cogaidh ar aon taobh san Aontas.

Bhí meath ag teacht ar an gcaidreamh idir **an Tuirc** agus an Ghréig go dtí tús 2023 ach mar gheall ar an dlúthpháirtíocht a léirigh muintir agus rialtas na Gréige tar éis chreathanna talún mhí Feabhra 2023, tháinig feabhas suntasach ar an gcaidreamh. Rinneadh malartuithe ardleibhéil ina dhiaidh sin, lena n-áirítear cruinnithe ar leibhéal na gceann stáit.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, níor ghlac an Tuirc páirt in aon ghníomhaíocht druileála neamhúdaraithe sa Mheánmhuir Thoir.

Is ceanglas fíor-riachtanach é leanúint den idirphlé de mheon macánta agus staonadh ó ghníomhaíochtaí aontaobhacha a thagann salach ar leasanna an Aontais agus a sháraíonn an dlí idirnáisiúnta agus cearta ceannasacha Bhallstáit an Aontais chun timpeallacht chobhsaí shlán a áirithiú sa Mheánmhuir Thoir agus chun caidreamh comhoibritheach comhthairbheach a fhorbairt idir an tAontas agus an Tuirc. Táthar ag súil leis go dtabharfaidh an Tuirc gealltanas ríshoiléir maidir le dea-chaidreamh comharsanachta, comhaontuithe idirnáisiúnta agus réiteach síochánta díospóidí i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe, ag dul ar iontaoibh na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta, más gá.

Tá an tAontas fós tiomanta dá leasanna agus do leasanna na mBallstát a chosaint agus don chobhsaíocht réigiúnach a chaomhnú.

Tá sé ríthábhachtach go bhfuil an Tuirc tiomanta don chaibidlíocht agus go rannchuidíonn sí go gníomhach leis an gcaibidlíocht chun teacht ar **réiteach ar shaincheist na Cipire** atá cothrom, cuimsitheach agus inmharthana laistigh de chreat na Náisiún Aontaithe, ar bhonn cónaidhm dhéphobail dhéchriosach a bhfuil comhionannas polaitiúil aici, agus i gcomhréir leis na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus i gcomhréir le *acquis* an Aontais agus leis na prionsabail ar a bhfuil an tAontas fothaithe freisin. Níor cheart aon ghníomhaíocht aontaobhach a dhéanamh a d’fhéadfadh cur leis an teannas ar an oileán agus a dhéanfadh dochar d’fhilleadh ar na cainteanna. Ní mór don Tuirc gach gníomhaíocht agus gach beart maidir le Varosha a glacadh ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2020 ann atá contrártha leis na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a aisiompú láithreach. Ní mór don Tuirc a dualgas maidir leis an bPrótacal Breise a ghabhann le Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc a chur chun feidhme ina iomláine agus dul chun cinn a

dhéanamh maidir le normalú an chaidrimh le Poblacht na Cipire. Lean an Tuirc de bheith ag tacú le réiteach an dá stát, contrártha le Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

Bhí tionchar ag cogadh foghach na Rúise in aghaidh **na hÚcráine** ar an gcaidreamh lena comhpháirtithe déthaobhacha agus lena tíortha comharsanachta. Tá iarracht déanta ag údaráis na hÚcráine comhar agus naisc taidhleoireachta le tíortha Eorpacha a choinneáil ar bun agus a neartú a thuilleadh.

Tá feabhas tagtha ar chaidreamh na hÚcráine le tíortha na mBalcán Thiar ar an iomlán, agus tuairimí éagsúla le heintiteas *Republika Srpska* na Seirbia agus na Boisnia agus na Heirseagaivéine aici maidir lena gcaidreamh leis an Rúis. Tá brú áirithe ar an gcaidreamh leis an tSeoirsia, go háirithe mar gheall ar neamh-ailíniú na Seoirsia leis na smachtbhannaí in aghaidh na Rúise. Tá an Tuirc fós ina comhpháirtí straitéiseach de chuid na hÚcráine, agus naisc thábhachtacha dhéthaobhacha eacnamaíocha agus teagmhálacha idirphearsanta eatarthu, a bhfuil córas déthaobhach saor ó víosaí agus comhaontú saorthrádála a síníodh i mí Feabhra 2022 ina bhfianaise air sin. Is rannpháirtí mór in Ardán Idirnáisiúnta na Crimé de chuid na hÚcráine é an Tuirc freisin.

Tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, chuir **an Mholdóiv** dlús leis an gcomhar leis an Úcráin agus leis an Rómáin maidir le tacaíocht dhaonnúil do dhídeanaithe ón Úcráin, slándáil fuinnimh, iompar agus nascacht. Ó cuireadh tús le cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, sholáthair an Coimisiún Eorpach breis agus EUR 48 milliún de chúnamh daonnúil don Mholdóiv chun tacú leis na dídeanaithe ón Úcráin atá ina gcónaí sa tír, agus leis na teaghlaigh ón Moldóiv atá á n-óstáil.

Lean an comhar déthaobhach leis an Úcráin de bheith ag feabhsú le linn na tréimhse tuairiscithe. Léirigh an Mholdóiv dlúthpháirtíocht leis an Úcráin ó cuireadh tús le cogadh na Rúise, vótáil sí i bhfabhar rúin ábhartha ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, agus d'ailínigh sí í féin le roinnt ráitis pholaitiúla in eagraíochtaí idirnáisiúnta a cháineann an fogha míleata. D'óstáil an tír líon mór dídeanaithe, a bhí ag brath go mór ar dheontóirí daonnúla idirnáisiúnta, agus thacaigh sí go gníomhach le forbairt bealaí trádála nua faoin tionscnamh 'Lánaí Dlúthpháirtíochta'. Tar éis scriosadh dhamba Kakhovka, chuir an Mholdóiv cúnamh déthaobhach ar fáil don Úcráin chun déileáil le hiarmhairtí daonnúla na tubaiste.

Bhí caidreamh taidhleoireachta ag **an tSeoirsia** lena comharsana uile seachas Cónaidhm na Rúise ó bhí an cogadh ann in 2008. Glacann an dá thaobh páirt i bPlé Idirnáisiúnta na Ginéive, faoi chomhchathaoirleacht an Aontais, na Náisiún Aontaithe agus na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip. Tá comhpháirtíocht straitéiseach ag an tSeoirsia leis an Tuirc. Leanann an tSeoirsia de thacaíocht a thabhairt d'iomláine chríochach agus do cheannasacht na hÚcráine, é san áireamh trí bhíthin chomhurraíocht na rún ó na Náisiúin Aontaithe a thacaíonn leis an Úcráin, ach níl sí ailínithe le bearta sriantacha an Aontais in aghaidh na Rúise. Tá teannas taidhleoireachta breise ann mar thoradh ar eitiltí idir an Rúis agus an tSeoirsia a atosú agus ar dhálaí sláinte príosúin ina bhfuil Saakashvili, iar-Uachtarán na Seoirsia, ag maireachtáil, ar saoránach den Úcráin é.

Leanann an Úcráin, an Mholdóiv agus an tSeoirsia de bheith rannpháirteach go gníomhach i **gComhpháirtíocht an Oirthir**.

Leis an gcomhar críochach is féidir le tíortha an mhéadaithe oibriú le chéile agus i gcomhar le Ballstáit chomharsanachta an Aontais sna príomhearnálacha sóisialta agus eacnamaíocha. Go sonrach, le **cláir um chomhar trasteorann**, cruthaítear deiseanna maidir le hidirphlé agus comhar ar leibhéal an rialtais áitiúil, le rannpháirtíocht na bpobal, na hearnála príobháidí agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh don réigiún Aidriadach

agus Iónach agus Straitéis an Aontais Eorpaigh do réigiún na Danóibe, lean siad de bheith ag cur leis an gcomhar idir na Ballstáit agus na tíortha is iarrthóirí, trí acmhainneacht riaracháin a chothú maidir le beartais éagsúla de chuid an Aontais, lena n-áirítear an beartas comhtháthaithe; agus trí ardán le haghaidh comhair a chur ar fáil.

## VII. CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ

**I.**

1. I d**timpeallacht gheopholaitiúil** atá ag athrú go tapa, léirigh an tAontas go bhfuil sé réidh chun an deis a thapú trína sheasamh ar an ardán domhanda a neartú. I gcomhréir le haidhm an Aontais an tsíocháin, a luachanna agus dea-bhail a chuid pobal a chur chun cinn, leanann méadú an Aontais de bheith ina uirlis chumhachtach chun an daonlathas, an smacht reachta agus urraim do chearta bunúsacha a chur chun cinn. Is é peirspictíocht aontachais atá inchreidte agus bunaithe ar fhiúntas príomhspreagthóir an chlaochlaithe agus, ar an gcaoi sin, cuireann sé lenár slándáil chomhchoiteann agus lenár rathúnas socheacnamaíoch. Tá sí ríthábhachtach chun athmhuintearas agus cobhsaíocht a chothú ar mhór-roinn na hEorpa. Agus gairm na staire á freagairt againn, ní mór dúinn oibriú anois chun **dlús a chur le méadú an Aontais** agus **chun an tAontas a thabhairt chun críche**.

2. Tá **dlús nua curtha cheana féin le beartas an Aontais um méadú**. Tá ionchas daingean ar bhallraíocht san Aontas do na Balcáin Thiar, don Úcráin, don Mholdóiv agus don tSeoirsia ar mhaithe le leas polaitiúil, slándála agus eacnamaíoch an Aontais féin agus tá sé fíor-riachtanach sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair.

   I nDearbhú Granada[19], meabhraíonn ceannairí an Aontais an méid seo a leanas: '*Is spreagadh é an méadú chun feabhas a chur ar dhálaí eacnamaíocha agus sóisialta shaoránaigh na hEorpa, agus chun éagothromaíochtaí ó thír go tír a laghdú, agus ní mór na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe a chothú leis*.' Tugann siad dá n-aire freisin nach mór **don Aontas agus do thíortha a d'fhéadfadh a bheith ina mBallstáit amach anseo araon** a bheith réidh le haghaidh Aontas a bhfuil méadú breise tagtha air. Chuige sin, ní mór don Aontas an réamhobair inmheánach agus na hathchóirithe is gá a leagan síos. An tráth céanna, tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh tíortha ar mian leo a bheith ina mBallstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí athchóirithe, go háirithe i réimse an smachta reachta, i gcomhréir le cineál an phróisis aontachais atá bunaithe ar fhiúntas agus le cúnamh ón Aontas.

3. Rinneadh **forbairtí nach beag** ar chlár oibre an Aontais um méadú le bliain anuas.

   D'aithin an Chomhairle Eorpach peirspictíocht Eorpach **na hÚcráine, na Moldóive agus na Seoirsia**. Chinn ceannairí an Aontais stádas tír is iarrthóir a thabhairt don Úcráin agus do Phoblacht na Moldóive, agus stádas tír is iarrthóir a thabhairt don tSeoirsia a luaithe a thabharfar aghaidh ar na tosaíochtaí a shonraítear sa Tuairim ón gCoimisiún maidir le hiarratas na Seoirsia ar bhallraíocht.

   Sna **Balcáin Thiar**, rinneadh na chéad Chomhdhálacha Idir-Rialtasacha leis an Albáin agus leis an Macadóin Thuaidh maidir le **caibidlíocht aontachais** i mí Iúil 2022, agus ina dhiaidh sin rinneadh athbhreithniú anailíseach ar an scagadh ar *acquis* an Aontais. I mí na Nollag 2022 thug an Chomhairle Eorpach **stádas mar thír is iarrthóir** don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin ar an tuiscint go gcuireann an tír chun feidhme na céimeanna a

[19] Dearbhú Granada

shonraítear sa teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Dheireadh Fómhair 2022 maidir leis an mbeartas um méadú. I mí na Nollag 2022 rinne **an Chosaiv** iarratas ar bhallraíocht san Aontas. Tháinig an tAontas ar chomhaontú in earrach 2023 maidir le léirscaoileadh víosaí le haghaidh na Cosaive, rud a thiocfaidh i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.

4. Tá **deis stairiúil** ag tíortha uile an mhéadaithe anois a dtodhchaí a cheangal go láidir leis an Aontas Eorpach. Tá an Coimisiún réidh chun dlús a chur lena bpróiseas aontachais faoi seach agus chun a áirithiú go mbeidh **an chéad mhéadú eile ina spreagadh do dhul chun cinn**. Is **próiseas bunaithe ar fhiúntas** é an t-aontachas, agus beidh sé ag brath go hiomlán ar an dul chun cinn oibiachtúil atá déanta ag gach tír. Tá an smacht reachta, an geilleagar, feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha agus athchóiriú ar an riarachán poiblí fós ina mbunchloch den bheartas um méadú. Ní mór do na tíortha gníomhú agus tiomantas níos láidre acu chun na hathchóirithe is gá a chur chun feidhme agus dul chun cinn inláimhsithe agus do-aisiompaithe a dhéanamh maidir leis na gnéithe bunúsacha chun leas iomlán a bhaint as an móiminteam nua.

5. Ina theannta sin, tá an fás eacnamaíoch i roinnt mhaith de na tíortha rómhall agus dá bhrí sin níl an cóineasú leis an Aontas á dhéanamh tapa go leor. Tá gá le hathchóirithe struchtúracha spriocdhírithe go háirithe chun acmhainneacht fáis réigiún na mBalcán Thiar a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar an smacht reachta agus ar an timpeallacht ghnó chun an leibhéal infheistíochta a mhealladh agus chun feabhas a chur ar lánpháirtiú trádála, nithe a bhfuil gá leo chun borradh a chur faoin bhfás agus chun an réigiún a thabhairt níos gaire don Aontas. Dá bhrí sin, an tráth céanna molann an Coimisiún **Plean nua Fáis do na Balcáin Thiar**[20]. Tá ceithre cholún sa phlean a threiseoidh a chéile, (i) comhtháthú le Margadh Aonair an Aontais a mhéadú, rud is ceart a bheith fite fuaite leis (ii) na margaí a oscailt do chomharsana uile na mBalcán Thiar agus Cómhargadh Réigiúnach a thógáil. (iii) D'fhonn na hathchóirithe atá ann faoi láthair a dhoimhniú, cuirfear tosaíochtaí infheistíochta agus athchóirithe in iúl sna cláir oibre um athchóiriú de réir tíre, rud a chuirfidh leis na Cláir Athchóirithe Eacnamaíocha. (iv) Ach na hathchóirithe sin a chur i gcrích, cuirfear cúnamh airgeadais méadaithe ar fáil.

   Ní hamháin go bhfuil an comhtháthú eacnamaíoch réigiúnach á choinneáil siar mar gheall ar **shaincheisteanna déthaobhacha**, go háirithe sna Balcáin Thiar, ach freisin tá moill á cur freisin ar chonairí an Aontais ar leithligh sna tíortha sin. Le saincheisteanna nach bhfuil réitithe cruthaítear riosca éagobhsaíochta agus géaraithe fiú, mar is léir ón ionsaí foréigneach a rinneadh ar phóilíní na Cosaive an 24 Meán Fómhair in Banjska, i dtuaisceart na Cosaive. Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, go dtabharfar aghaidh ar shaincheisteanna oscailte, agus go dtiocfaidh na páirtithe lena mbaineann ar réitigh a bheidh inghlactha go frithpháirteach. Sa chomhthéacs sin, iarrtar ar an gCosaiv agus ar an tSeirbia araon a bheith rannpháirteach ar bhealach níos fiúntaí san idirphlé atá á éascú ag an Aontas i ndáil leis an gComhaontú maidir leis an gconair do normalú agus an Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis a chur chun feidhme chomh maith le comhaontuithe eile ar thángthas orthu san idirphlé arna éascú ag an Aontas gan a thuilleadh moille ná réamhchoinníollacha. Áirítear leis sin Comhlachas/Comhphobal na mBardas Seirbiach a bhunú. Is coinníoll fíor-riachtanach é normalú an chaidrimh ar chonair Eorpach an dá Pháirtí. Tá an baol ann go gcaillfidh an bheirt acu deiseanna tábhachtacha mura ndéantar dul chun cinn.

6. Tá **an Tuirc** fós ina príomhpháirtí leis an Aontas Eorpach i leith réimsí comhleasa fíor-riachtanacha. Tá leas straitéiseach ag an Aontas i dtimpeallacht chobhsaí shlán sa

[20] COM (2023) 691; COM (2023) 692

Mheánmhuir Thoir agus i bhforbairt comhpháirtíochta comhoibrithí comhthairbhí leis an Tuirc.

I mí na Nollag 2022 d'athdhearbhaigh an Chomhairle go bhfuil an Tuirc fós ag dul i dtreo contrártha leis an Aontas Eorpach, agus go bhfuil caibidlíocht aontachais na Tuirce ina stad a bheag nó a mhór agus nach ndéanfar aon chaibidil eile a bhreithniú lena hoscailt nó lena dúnadh. Is fíor na fíorais foluiteacha a bhí ina mbonn taca leis an measúnú sin fós. I mí an Mheithimh 2023 d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle Eorpaí maidir le staid na himeartha i ndáil leis an gcaidreamh idir an tAontas agus an Tuirc, rud a chuireann leis na hionstraimí agus na roghanna a shainaithin an Chomhairle Eorpach, agus d'fhonn leanúint ar aghaidh ar bhealach straitéiseach réamhbhreathnaitheach. Cuirfear an tuarascáil sin isteach i mí na Samhna 2023. Cuirfidh an Coimisiún agus an tArdionadaí an Chomhairle Eorpach ar an eolas faoi staid na himeartha maidir leis na céimeanna thuasluaite faoi dheireadh 2024.

**II.**

7. I **Montainéagró**, tá tiomantas polaitiúil na n-údarás do phróiseas aontachais na tíre leis an Aontas ina phríomhthosaíocht le haghaidh na tíre agus léirítear é go ginearálta sna cinntí beartais. Áirítear leis sin ráta leanúnach ailínithe 100 % le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, smachtbhannaí san áireamh. Rannchuidigh Montainéagró leis na sreabha imirce measctha i dtreo an Aontais a bhainistiú trí dhul i gcomhar chun Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis na Balcáin Thiar a chur chun feidhme. Le 2 bhliain anuas, áfach, chuir éagobhsaíocht pholaitiúil, teannas, feidhmiú lag na n-institiúidí daonlathacha agus breithiúnacha agus easpa rialtais lánfheidhme bac ar phróisis chinnteoireachta agus ar chur chun feidhme athchóirithe, rud a chuir moill mhór ar an gcaibidlíocht. Measann an Coimisiún, i gcomhréir leis an gcreat caibidlíochta, go n-áirithítear cothromaíocht fhoriomlán faoi láthair idir dul chun cinn faoi na caibidlí maidir leis an smacht reachta, ar thaobh amháin, agus dul chun cinn sa chaibidlíocht aontachais i leith na gcaibidlí ar fad, ar an taobh eile.

An tosaíocht i dtaca le tuilleadh dul chun cinn foriomlán a dhéanamh sa chaibidlíocht aontachais – agus sula rachfar i dtreo clabhsúr sealadach a chur ar chaibidlí nó ar chuasaigh eile – is éard atá inti go fóill **comhlíonadh na dtagarmharcanna eatramhacha maidir leis an smacht reachta** a leagtar amach faoi chaibidlí 23 agus 24. Chun an gharsprioc sin a bhaint amach, ní mór do Mhontainéagró dlús a chur lena iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna atá fós gan réiteach, é san áireamh i réimsí ríthábhachtacha na saoirse chun tuairimí a nochtadh agus shaoirse na meán agus an chomhraic in aghaidh an éilithe agus na coireachta eagraithe, agus ní mór dó dlús a chur leis na athchóirithe maidir le neamhspleáchas, gairmiúlacht agus cuntasacht na mbreithiúna, na ceapacháin bhreithiúnacha san áireamh, agus iad sin a dhoimhniú. Rinneadh bunreacht na parlaiminte nua agus an rialtais nua ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023. Ní mór don rialtas nua díriú ar athchóirithe tábhachtacha a bhaineann leis an Aontas atá ar feitheamh a chur i gcrích, agus tá sé ríthábhachtach Parlaimint a bheith ann a fheidhmíonn go cuí. Ní mór díriú san obair ar chomhdhearcadh leathan polaitiúil a fhorbairt maidir le príomh-athchóirithe agus ar an bhfócas ar bhunspriocanna insoláthartha a neartú chun clár oibre an Aontais um lánpháirtíocht a chur chun cinn go praiticiúil.

8. Sa tSeirbia, tháinig méadú ar luas na n-athchóirithe tar éis bhunú an rialtais nua ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2022, cé gur tháinig moilliú sealadach ar fhorbairtí polaitiúla tar éis an dá oll-lámhach tragóideach i mí na Bealtaine 2023. I réimse an smachta reachta, rinne an tSeirbia bearta chun neamhspleáchas agus cuntasacht na mbreithiúna a neartú trí ghlacadh tráthúil na reachtaíochta lena dtugtar éifeacht phraiticiúil do leasuithe bunreachtúla 2022. Ina theannta sin, d'ullmhaigh agus ghlac an tSeirbia reachtaíocht nua maidir leis na meáin ar féidir lena cur chun feidhme feabhas nach beag a chur ar an timpeallacht rialála. Chuir sí feabhas ar a hailíniú le beartas víosaí an Aontais agus d'aisghair sí an Dlí maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí speisialta le haghaidh tionscadail bonneagair líneacha. Tá gá le tuilleadh oibre agus le tiomantas fadtéarmach polaitiúil chun na hathchóirithe is gá a ghlacadh agus a chur chun feidhme i réimse an smachta reachta. Cuireadh i bhfeidhm an creat dlíthiúil lenar féidir an earnáil gháis a dhíchuachadh, ach tá moilleanna móra ann anois. Tá Comhaontú Saorthrádála tugtha i gcrích ag an tSeirbia leis an tSín, rud a bhí ina gcúis le ceisteanna tromchúiseacha. Ní mór don tSeirbia feabhas a chur ar a hailíniú le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais mar ábhar tosaíochta, lena n-áirítear bearta sriantacha agus ráitis maidir leis an Rúis, agus ní mór di staonadh ó ghníomhaíochtaí agus ó ráitis atá in aghaidh sheasaimh an Aontais maidir leis an mbeartas eachtrach agus ábhair straitéiseacha eile. Is é an measúnú ón gCoimisiún, i gcomhréir leis an gcreat caibidlíochta, go bhféadfaí i bhfad níos mó dul chun cinn a dhéanamh sa chaibidlíocht aontachais. Tá gá le haird leanúnach chun an chothromaíocht fhoriomlán a chaomhnú idir dul chun cinn faoi na caibidlí maidir leis an smacht reachta agus normalú an chaidrimh leis an gCosaiv, ar thaobh amháin, agus dul chun cinn sa chaibidlíocht aontachais i leith na gcaibidlí ar fad, ar an taobh eile. Is coinníoll fíor-riachtanach ar a gconair Eorpach é normalú an chaidrimh don tSeirbia agus don Chosaiv araon agus tá an baol ann go gcaillfidh an dá thír deiseanna tábhachtacha mura ndéantar dul chun cinn.

   Is é an measúnú ón gCoimisiúin go fóill gur chomhlíon an tSeirbia go teicniúil na tagarmharcanna chun cnuasach 3 a oscailt (an tIomaíochas agus an Fás Cuimsitheach).

   Dul chun cinn na Seirbia maidir leis an smacht reachta agus an caidreamh leis an gCosaiv a normalú, beidh tionchar ag an méid sin ar luas ginearálta na caibidlíochta aontachais. Sa bhliain atá le teacht, táthar ag súil leis go léireoidh an tSeirbia go soiléir go bhfuil rún daingean aici an próiseas aontachais a chur chun cinn trí dhlús a chur lena cuid oibre maidir le hathchóirithe a bhaineann le haontachas leis an Aontas a chur chun feidhme ar bhonn uilechoiteann. I réimse an smachta reachta, táthar ag súil leis go dtabharfaidh an tSeirbia aghaidh ar easnaimh, go háirithe i bpríomhréimsí na mbreithiúna, an chomhraic in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe, shaoirse na meán, agus láimhseáil coireanna cogaidh ar bhonn intíre. Ní mór di freisin iarrachtaí inchreidte a dhéanamh chun deireadh a chur leis an mbréagaisnéis agus le trasnaíocht eachtrach agus cúbláil faisnéise, spleáchas a hearnála fuinnimh ar an Rúis a laghdú, feabhas a chur ar an gcomhar leis an Aontas i réimse na himirce agus freagracht a ghlacadh as cumarsáid réamhghníomhach agus oibiachtúil maidir leis an Aontas. Rannchuidigh an tSeirbia leis na sreabha imirce measctha i dtreo an Aontais a bhainistiú trí dhul i gcomhar chun Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis na Balcáin a chur chun feidhme.

   Tá an tSeirbia fós rannpháirteach san Idirphlé atá á éascú ag an Aontas maidir leis an gcaidreamh leis an gCosaiv a normalú, ach ní mór di tiomantas níos tromchúisí a léiriú, tuilleadh iarrachtaí a infheistiú agus comhréitigh a dhéanamh chun próiseas normalaithe an

chaidrimh leis an gCosaiv a thabhairt chun cinn. Ní mór don tSeirbia seasamh lena gealltanais maidir le hidirphlé agus gealltanas a thabhairt na comhaontuithe idirphlé uile a rinneadh roimhe seo a chur chun feidhme ina n-iomláine agus an Comhaontú maidir leis an gConair do Normalú agus an Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis a chur chun feidhme ina n-iomláine. Táthar ag súil leis go nglacfaidh an tír páirt níos cuidithí chun caibidlíocht a chumasú maidir leis an gComhaontú cuimsitheach maidir leis an gconair i dtreo an normalaithe idir an Chosaiv agus an tSeirbia atá ceangailteach ó thaobh dlí. Táthar ag súil leis freisin go gcomhoibreoidh an tSeirbia go hiomlán in imscrúduithe ar an ionsaí foréigneach ar Phóilíní na Cosaive an 24 Meán Fómhair 2023 agus ar na hionsaithe a rinneadh ar fhórsa coimeádta na síochána sa Chosaiv (KFOR) an 29 Bealtaine. Ní mór déantóirí an ionsaithe a ghabháil agus a thabhairt os comhair na cúirte go pras agus ní mór don tSeirbia comhoibriú go hiomlán agus gach beart is gá a dhéanamh ina leith sin.

9. **Sa Mhacadóin Thuaidh**, tá sé ráite go comhsheasmhach ag na húdaráis go bhfuil aontachas an Aontais fós ina sprioc straitéiseach acu. Mar thír chaibidlíochta, ní mór don Mhacadóin Thuaidh beart a dhéanamh de réir a chéile maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe a bhaineann leis an Aontas, é san áireamh i réimse chnuasach na ngnéithe bunúsacha, go háirithe i réimse na breithiúna, an chomhraic in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe, athchóiriú an riaracháin phoiblí, é san áireamh leis sin bainistiú an airgeadais phoiblí, agus soláthar poiblí. Is cúis mhór imní iad roinnt athruithe ar an gcód coiriúil, ar athruithe iad a bhfuil tionchar acu ar líon mór cásanna éillithe ardleibhéil. Tá sé ríthábhachtach muinín as an gcóras ceartais a neartú agus aghaidh a thabhairt gan staonadh ar éilliú, é san áireamh trí bhíthin cuntas teiste daingean maidir le cásanna ardleibhéil éillithe a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a chiontú go críochnaitheach. Lean an tír de bheith ag ailíniú go hiomlán le cinntí uile chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Rannchuidigh an Mhacadóin Thuaidh leis na sreabha imirce measctha i dtreo an Aontais a bhainistiú trí dhul i gcomhar chun Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis na Balcáin Thiar a chur chun feidhme.

Gheall an Mhacadóin Thuaidh agus an rialtas na hathruithe bunreachtúla ábhartha a sheoladh agus a bhaint amach mar ábhar tosaíochta, d’fhonn saoránaigh a chónaíonn laistigh de theorainneacha an stáit agus ar cuid de mhuintir eile iad a áireamh sa Bhunreacht. Tugann an tír sampla maith de shochaí il-eitneach. Tar éis an chéad Chomhdháil Idir-rialtasach maidir le próiseas caibidlíochta aontachais an Aontais leis an Macadóin Thuaidh i mí Iúil 2022, rinneadh dul chun cinn rianúil maidir leis an scrúdú anailíseach ar *acquis* an Aontais (an scagadh). Bhí an Mhacadóin Thuaidh gníomhach agus léirigh sí ardleibhéal tiomantais le linn an scagtha ar an *acquis*. Cuireadh an tuarascáil scagtha maidir le ‘Cnuasach 1 – na Gnéithe Bunúsacha’ faoi bhráid na Comhairle i mí Iúil 2023.

I bhfianaise na gConclúidí ón gComhairle i mí Iúil 2022, tá an Coimisiún ag tnúth le hobair leantach mhear agus chinntitheach a dhéanamh ar an tuarascáil scagtha maidir le ‘Cnuasach 1 – na Gnéithe Bunúsacha’, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le treochláir na tíre i gcomhréir leis an gCreat Caibidlíochta, d’fhonn an chéad chnuasach a oscailt faoi dheireadh na bliana seo.

10. **San Albáin**, tá sé ráite go seasta ag na húdaráis gurb í an sprioc straitéiseach maidir le haontachas leis an Aontas príomhthosaíocht na tíre. Lean an Albáin de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le hathchóirithe faoi chnuasach na ngnéithe bunúsacha, é san áireamh

maidir le cur chun feidhme leanúnach an athchóirithe chuimsithigh ar an gceartas. Bhain an Struchtúr Speisialaithe in aghaidh an Éillithe agus na Coireachta Eagraithe (SPAK) torthaí nithiúla breise amach. Leanadh den dea-chomhar le Ballstáit an Aontais agus le gníomhaireachtaí an Aontais maidir leis an gcomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe. Rannchuidigh an Albáin leis na sreabha imirce measctha i dtreo an Aontais a bhainistiú trí dhul i gcomhar chun Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis na Balcáin Thiar a chur chun feidhme.

Mar chomhalta neamhbhuan, tá an Albáin rannpháirteach go gníomhach i gComhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear mar chomhthionscnóir rún lena gcáintear cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Ba chomhartha láidir é ailíniú iomlán na hAlbáine le comhbheartas slándála agus eachtrach an Aontais ar a rogha straitéiseach maidir le haontachas leis an Aontas agus ar an ról atá aici mar chomhpháirtí iontaofa.

Tar éis an chéad Chomhdháil Idir-rialtasach maidir le próiseas caibidlíochta aontachais an Aontais leis an Albáin i mí Iúil 2022, rinneadh dul chun cinn rianúil maidir leis an scrúdú anailíseach ar *acquis* an Aontais (an scagadh). Bhí an Albáin gníomhach agus léirigh sí ardleibhéal tiomantais le linn an scagtha ar an *acquis*. Cuireadh an tuarascáil scagtha maidir le 'Cnuasach 1 – na Gnéithe Bunúsacha' faoi bhráid na Comhairle i mí Iúil 2023.

I bhfianaise na gConclúidí ón gComhairle i mí Iúil 2022, tá an Coimisiún ag tnúth le hobair leantach mhear agus chinntitheach a dhéanamh ar an tuarascáil scagtha maidir le 'Cnuasach 1 – na Gnéithe Bunúsacha', lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le treochláir na tíre i gcomhréir leis an gCreat Caibidlíochta, d'fhonn an chéad chnuasach a oscailt faoi dheireadh na bliana seo.

11. Is díol sásaimh don Choimisiún na hiarrachtaí athchóirithe atá déanta ag **an mBoisnia agus an Heirseagaivéin** ó chruinniú na Comhairle Eorpaí i mí na Nollag 2022 lenar tugadh stádas mar iarrthóir don tír. Is díol sásaimh don Choimisiún freisin gur tháinig Comhairle nua na nAirí i mbun oifige go pras i mí Eanáir 2023. Tháinig torthaí dearfacha as tiomantas poiblí na bpáirtithe polaitiúla don sprioc straitéiseach maidir le lánpháirtiú san Eoraip.

Tógadh céimeanna agus tugadh gealltanais chun na príomhthosaíochtaí a chomhlíonadh agus chun aghaidh a thabhairt ar na céimeanna a shonraítear sa mholadh ón gCoimisiún maidir le stádas mar thír is iarrthóir. Ghlac Comhairle na nAirí straitéisí chun an choireacht eagraithe a chomhrac, rinne sí measúnú riosca atá tugtha cothrom le dáta agus plean gníomhaíochta a ghabhann leis maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, ghlac sí straitéisí agus pleananna gníomhaíochta maidir leis an imirce agus leis an sceimhlitheoireacht, agus cheap sí comhlacht maoirseachta chun an straitéis náisiúnta próiseála coireanna cogaidh a chur chun feidhme. Rannchuidigh an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin leis na sreabha imirce measctha i dtreo an Aontais a bhainistiú trí dhul i gcomhar chun Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis na Balcáin Thiar a chur chun feidhme. Chuir an pointe teagmhála le Europol tús le hoibríochtaí i mí an Mheithimh 2023. Ghlac an tír dlíthe, go háirithe maidir le sláine na mbreithiúna trí leasuithe ar an Ardchomhairle Bhreithiúnach agus Ionchúiseach a ghlacadh; maidir leis an gcéastóireacht a chosc (rinne sí an tOmbudsman a cheapadh mar an sásra coisctheach náisiúnta); maidir le heachtraigh; maidir le saoirse rochtana ar fhaisnéis agus glacadh le Plean Gníomhaíochta AE maidir le Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan san Fhorbairt. Tá feabhas suntasach tagtha ar an ailíniú le comhbheartas eachtrach agus

slándála an Aontais le linn na tréimhse tuairiscithe, ach tá tuilleadh fós le déanamh maidir le bearta sriantacha a chur chun feidhme.

Ó deonaíodh an stádas mar thír is iarrthóir, tá torthaí dearfacha tagtha ar thiomantas poiblí na gcomhpháirtithe don sprioc straitéiseach maidir le lánpháirtiú san Eoraip. An tráth céanna, tháinig forbairtí diúltacha chun cinn san eintiteas *Republika Srpska*. D'iarr an t-eintiteas go n-éireodh breithiúna bunreachtúla as oifig agus ghlac sé dlí lena bhforaithneofaí nach gcuirfí cinntí ón gCúirt Bhunreachtúil chun feidhme, rud atá ina shárú ar ord bunreachtúil agus dlíthiúil na tíre. Thug an t-eintiteas pionóis choiriúla isteach arís as an gclúmhilleadh, rud a chuir srian leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus le saoirse na meán. Tá glacadh dréachtdlí lena ndírítear ar ghrúpaí de chuid na sochaí sibhialta mar 'ghníomhairí eachtracha' ar feitheamh san eintiteas freisin. dá nglacfaí é, bheadh sé ina chéim mhór eile siar ó thaobh cearta bunúsacha de. Le gníomhaíochtaí scarthacha lena ndéantar dochar d'aontacht, do cheannasacht, d'iomláine chríochach, d'ord bunreachtúil agus do phearsantacht idirnáisiúnta na tíre, d'fhéadfadh sé sin dochar a dhéanamh do dhul chun cinn maidir le haontachas leis an Aontas.

Tá roinnt cinntí ón gCúirt Bhunreachtúil ann nár cuireadh i bhfeidhm go hiomlán go fóill, go sonrach cinntí maidir le maoin stáit. Ba cheart do thionóil an dá eintiteas breithiúna a cheapadh go pras chun comhdhéanamh iomlán na Cúirte Bunreachtúla a áirithiú. Tá gá ag an tír le bailchríoch a chur ar na hathchóirithe bunreachtúla agus toghcháin atá ar feitheamh go práinneach. Tá gá le hathchóirithe go fóill chun an Bunreacht a chur i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, i gcomhréir le cásdlí *Sejdić-Finci*.

Ar an iomlán, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun go gcomhlíonfaidh an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin na 14 phríomhthosaíocht a leagtar amach sa Tuairim ón gCoimisiún maidir lena hiarratas ar bhallraíocht san Aontas agus na céimeanna a shonraítear sa mholadh ón gCoimisiún maidir le stádas mar thír is iarrthóir. Sonraítear sa tuarascáil tíre staid na himeartha maidir le cur chun feidhme na 14 phríomhthosaíocht. Molann an Coimisiún tús a chur le caibidlíocht aontachais an Aontais leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, a luaithe a bhainfear amach an leibhéal is gá ó thaobh chomhlíonadh na gcritéar ballraíochta.

Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid na Comhairle i mí an Mhárta 2024 maidir leis an dul chun cinn.

12. Tar éis **don Chosaiv** iarratas a dhéanamh ar bhallraíocht san Aontas i mí na Nollag 2022, lean rialtas na Cosaive de bheith ag déanamh dul chun cinn maidir le clár oibre um athchóiriú an Aontais. Rinne an Chosaiv dul chun cinn maidir le haghaidh a thabhairt ar mholtaí seanbhunaithe ón Aontas maidir le hathchóiriú toghchánach, rud as ar eascair glacadh dhá dhlí thábhachtacha maidir le toghcháin. Ní mór don Chosaiv dlús a chur lena hiarrachtaí an smacht reachta agus an riarachán poiblí a neartú agus an athléimneacht fuinnimh a chothú. Rannchuidigh an Chosaiv leis na sreabha imirce measctha i dtreo an Aontais a bhainistiú trí dhul i gcomhar chun Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis na Balcáin Thiar a chur chun feidhme. Tá sé beartaithe go dtiocfaidh an léirscaoileadh víosaí do shaoránaigh na Cosaive i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024. Bhí tionchar ag roinnt géarchéimeanna déine éagsúla ar an staid i dtuaisceart na Cosaive. D'éirigh Seirbiaigh na Cosaive as institiúidí na Cosaive i dteannta a chéile i mí na Samhna 2022. Tar éis dóibh tarraingt siar, eagraíodh fothoghcháin áitiúla sna ceithre bhardas i dtuaisceart na Cosaive i mí Aibreáin 2023. Léirigh an ráta vótála an-íseal, go háirithe i measc phobal Seirbiach na

Cosaive, nach gcuirtear réiteach polaitiúil fadtéarmach ar fáil leis na toghcháin sin. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí an staid a bheith ann arís ina nglacfaidh Seirbiaigh na Cosaive páirt ghníomhach sa rialachas áitiúil, sa phóilíneacht agus sa bhreithiúnacht i dtuaisceart na Cosaive. Ní mór toghcháin áitiúla luaithe a reáchtáil a luaithe is féidir i ngach ceann de na ceithre bhardas, ní mór iad a eagrú ar bhealach iomlán cuimsitheach, agus ní mór Seirbiaigh na Cosaive a bheith rannpháirteach gan choinníoll. Ní mór don Chosaiv dul i mbun an lasair a bhaint den bharrach i dtuaisceart na Cosaive trí láithreacht bhuan fórsaí póilíneachta speisialta na Cosaive a laghdú, díshealbhú talún agus orduithe díshealbhaithe a éascú sa Tuaisceart.

Tá an Chosaiv fós rannpháirteach san Idirphlé atá á éascú ag an Aontas maidir leis an gcaidreamh leis an tSeirbia a normalú, ach ní mór di tiomantas níos tromchúisí a léiriú, tuilleadh iarrachtaí a infheistiú agus comhréitigh a dhéanamh chun próiseas normalaithe an chaidrimh leis an tSeirbia a chur chun cinn. Ní mór don Chosaiv seasamh lena gealltanais maidir le hidirphlé agus gealltanas a thabhairt na comhaontuithe idirphlé uile a rinneadh roimhe seo a chur chun feidhme ina n-iomláine agus an Comhaontú maidir leis an gConair do Normalú agus an Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis a chur chun feidhme ina n-iomláine. Táthar ag súil leis go nglacfaidh an Chosaiv páirt níos cuidithí chun caibidlíocht a chumasú maidir leis an gComhaontú cuimsitheach maidir leis an gconair i dtreo an normalaithe idir an Chosaiv agus an tSeirbia atá ceangailteach ó thaobh dlí. Is coinníoll fíor-riachtanach ar a gconair Eorpach é normalú an chaidrimh don tSeirbia agus don Chosaiv araon agus tá an baol ann go gcaillfidh an dá thír deiseanna tábhachtacha mura ndéantar dul chun cinn.

13. Is tír is iarrthóir agus comhpháirtí tábhachtach de chuid an Aontais í **an Tuirc**. Tá a cuid caibidlíochta aontachais fós ina stad ó mhí an Mheithimh 2018 i gcomhréir le cinntí na Comhairle Eorpaí mar a lean an Tuirc de bheith ag dul i dtreo contrártha leis an Aontas. Tá an t-idirphlé maidir leis an smacht reachta agus cearta bunúsacha fós ina dhlúthchuid den chaidreamh idir an tAontas agus an Tuirc. Is ábhar imní fós é an diúltú rialuithe áirithe ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine a chur chun feidhme. Is gníomhaí réigiúnach mór i réimse an bheartais eachtraigh í an Tuirc, ar gné tábhachtach é i gcomhthéacs an chaidrimh idir an tAontas agus an Tuirc, fiú má tá tuairimí éagsúla fós ann maidir le saincheisteanna áirithe a bhaineann leis an mbeartas eachtrach. Choinnigh sí ráta ailínithe an-íseal, mar atá, 10 % ar bun le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais. Cháin an Tuirc cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, agus bhí sé rannpháirteach ar bhonn polaitiúil agus taidhleoireachta, é san áireamh trí chainteanna díreacha a éascú, trí obair a dhéanamh ar an lasair a bhaint den bharrach agus ar an sos comhraic, trí easpórtáil gráin na hÚcráine a éascú, trí mhalartú príosúnach agus trí chúnamh míleata ríthábhachtach láidir a sholáthar don Úcráin. Mar sin féin, lean an Tuirc de bheith ag staonadh ó ailíniú a dhéanamh le bearta sriantacha an Aontais in aghaidh na Rúise. A reitric a thacaíonn leis an ngrúpa sceimhlitheoireachta Hamas tar éis a ionsaithe in aghaidh Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023, tá sé ag teacht salach ar chur chuige an Aontais amach agus amach.

Táthar ag súil leis go dtacóidh an tír go gníomhach leis an gcaibidlíocht maidir le réiteach cothrom, cuimsitheach agus inmharthana ar shaincheist na Cipire laistigh de chreat na Náisiún Aontaithe, i gcomhréir leis na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus i gcomhréir leis na prionsabail ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe. Tá sé tábhachtach go n-athdhearbhóidh an Tuirc a tiomantas do chainteanna maidir le réiteach sa Chipir atá faoi stiúir na Náisiún Aontaithe i gcomhréir leis na Rúin ábhartha ó

Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear a ngnéithe seachtracha. Tá sé práinneach freisin go gcomhlíonfaidh an Tuirc a hoibleagáid a áirithiú go gcuirfear an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Tuirc chun feidhme go hiomlán agus go neamh-idirdhealaitheach.

Leanadh den chomhar leis an Tuirc maidir le réimsí comhleasa i réimsí fíor-riachtanacha, mar shampla an fhrithsceimhlitheoireacht, an geilleagar, fuinneamh, slándáil bia, imirce agus iompar. Tá leas straitéiseach ag an Aontas i dtimpeallacht chobhsaí shlán sa Mheánmhuir Thoir agus i bhforbairt caidrimh chomhoibrithigh chomhthairbhigh leis an Tuirc. Cuirfidh an Coimisiún agus an tArdionadaí tuarascáil faoi bhráid na Comhairle Eorpaí i mí na Samhna 2023, tuarascáil ina leagfaidh siad amach tuilleadh roghanna chun an caidreamh sin a fhorbairt.

14. Is díol sásaimh don Choimisiún na hiarrachtaí móra athchóirithe atá déanta ag **an Úcráin** ó bhí Comhairle Eorpach mhí an Mheithimh 2022 ann, in ainneoin chogadh foghach na Rúise. Measann an Coimisiún go bhfuil dul chun cinn tábhachtach déanta ag an Úcráin maidir leis na seacht gcéim a leagtar amach ina Thuairim ó mhí an Mheithimh 2022 agus go bhfuil bearta breise déanta aici chun an méid sin a chomhlánú agus a chothú.

Bhunaigh an Úcráin córas réamhroghnúcháin atá trédhearcach agus bunaithe ar fhiúntas le haghaidh bhreithiúna na Cúirte Bunreachtúla agus chuir sí i gcrích athchóiriú atá dírithe ar shláine na gcomhlachtaí rialachais bhreithiúnaigh. Ba cheart don Úcráin leanúint de na dlíthe arna nglacadh a chur chun feidhme agus breithiúna á roghnú agus á gceapadh sna gnáthchúirteanna agus sa Chúirt Bhunreachtúil. Neartaigh an Úcráin an comhrac in aghaidh an éillithe trí chuntas teiste inchreidte a fhorbairt ar bhonn leanúnach maidir le himscrúduithe agus ciontuithe éillithe agus trí cheapadh trédhearcach cheannairí na bpríomhghníomhaireachtaí frithéillithe a áirithiú. Tá bearta sistéamacha breise déanta aici chun inbhuanaitheacht a hiarrachtaí frithéillithe a áirithiú, é san áireamh tríd an gcóras dearbhaithe sócmhainní leictreonacha a athbhunú, cé go bhfuil easnaimh áirithe ann, agus clár frith-éillithe an stáit a chur chun feidhme.

Neartaigh an Úcráin a creat frithsciúrtha airgid, lena n-áirítear ailíniú a reachtaíochta, go háirithe an sainmhíniú ar dhaoine atá faoi riteacht pholaitiúil, le caighdeáin an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF), agus ghlac sí plean straitéiseach cuimsitheach agus plean gníomhaíochta cuimsitheach chun earnáil fhorfheidhmiú an dlí a athchóiriú. Tá dlús curtha ag an Úcráin freisin le bearta sistéamacha in aghaidh olagarcaí i réimsí amhail an iomaíocht agus maoiniú páirtithe polaitiúla ach an tráth céanna, chuir sí siar cur i bhfeidhm an dlí in aghaidh olagarcaí. Rinne an Úcráin dlí na meán a ailíniú le dlí an Aontais. Lean sí de chosaint na mionlach náisiúnta a neartú, go háirithe trí leasú a dhéanamh ar na dlíthe maidir le mionlaigh agus oideachas, cé go bhfuil tuilleadh athchóirithe, mar a léirigh Coimisiún na Veinéise, fós le cur chun feidhme. Ní mór na próisis athchóirithe sin a bheith cuimsitheach trí pháirt iomlán a thabhairt d'ionadaithe na mionlach náisiúnta sna céimeanna uile is gá.

Cé gur eascair maolú ar chearta bunúsacha áirithe as dlí airm a thabhairt isteach, glacadh na bearta go sealadach agustá siad comhréireach ar an iomlán leis an staid sa tír.

I bhfianaise na dtorthaí a baineadh amach ó mhí an Mheithimh 2022 faoi na critéir pholaitiúla, faoi chuimsiú na seacht gcéim agus tuilleadh nach iad, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an Úcráin go leordhóthanach na critéir a bhaineann le cobhsaíocht na n-institiúidí lena ráthaítear an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus meas ar

mhionlaigh agus cosaint mionlach, a leag Comhairle Eorpach Chóbanhávan síos in 1993, ar choinníoll go leanfaidh sí dá hiarrachtaí maidir le hathchóiriú agus go dtabharfaidh sí aghaidh ar na ceanglais atá fágtha faoi na seacht gcéim. Ar an mbonn sin, molann an Coimisiún don Chomhairle tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an Úcráin. Ina theannta sin, molann an Coimisiún go nglacfaidh an Chomhairle an creat caibidlíochta a luaithe a dhéanfaidh an Úcráin an méid seo a leanas:

- dlí arna mholadh ag an rialtas a achtú chun an uasteorainn foirne le haghaidh Bhiúró Frith-Éillithe Náisiúnta na hÚcráine a mhéadú;

- na forálacha sa dlí maidir le héilliú a chosc a bhaint, ar forálacha iad lena sriantar cumhachtaí na Gníomhaireachta Náisiúnta um Éilliú a Chosc (NACP) maidir le fíorú leanúnach sócmhainní a chuaigh cheana féin faoin bpróiseas fíorúcháin agus lena dteorannaítear cumhachtaí NACP maidir le maoin arna fáil ag dearbhóirí sula ndeachaigh siad isteach sa tseirbhís phoiblí a fhíorú, gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir leis an tslándáil náisiúnta le linn cogaidh;

- dlí a achtú lena rialaítear an bhrústocaireacht i gcomhréir leis na caighdeáin Eorpacha, mar chuid den phlean gníomhaíochta in aghaidh olagarcaí;

- dlí a achtú lena dtabharfar aghaidh ar na moltaí eile ó Choimisiún na Veinéise ó mhí an Mheithimh 2023 agus ó mhí Dheireadh Fómhair 2023 a bhaineann leis an Dlí maidir le mionlaigh náisiúnta, ar dlí é lena dtabharfar aghaidh ar na moltaí ó Choimisiún na Veinéise atá nasctha leis na dlíthe maidir le teanga an Stáit, na meáin agus an t-oideachas freisin.

Ní mór don Úcráin leanúint den chomhrac in aghaidh an éillithe trí chuntas teiste breise a fhorbairt maidir le himscrúduithe agus ciontuithe éillithe.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach ar an dul chun cinn agus ar an gcomhlíonadh i ngach réimse a bhaineann le tús a chur leis an gcaibidlíocht agus tuairisceoidh sé sin don Chomhairle faoi mhí an Mhárta 2024 ar a dhéanaí. Tá an Coimisiún réidh chun tús a chur leis an obair ullmhúcháin, go háirithe an scrúdú anailíseach ar an *acquis* (an scagadh) agus ullmhú an chreata caibidlíochta.

15. Is díol sásaimh don Choimisiún na hiarrachtaí móra athchóirithe atá déanta ag **an Moldóiv** ó bhí Comhairle Eorpach mhí an Mheithimh 2022 ann, in ainneoin na n-iarmhairtí ollmhóra atá ag cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine sa tír. Measann an Coimisiún go bhfuil dul chun cinn tábhachtach déanta ag an Moldóiv maidir leis na seacht gcéim a leagtar amach ina Thuairim ó mhí an Mheithimh 2022 agus go bhfuil bearta breise déanta aici chun an méid sin a chomhlánú agus a chothú.

Chuir an Mholdóiv próiseas grinnfhiosrúcháin uaillmhianach i bhfeidhm le haghaidh comhlachtaí breithiúna agus comhlachtaí ionchúisimh, rud atá ina bhunchloch dá hathchóiriú cuimsitheach ar an gceartas. D'athchóirigh sí a Cúirt Bhreithiúnais Uachtarach agus d'áirithigh sí feidhmiú Ardchomhairle na nGiúistísí le comhaltaí a ndearnadh grinnfhiosrú orthu. Rinneadh athchóiriú ar an gcreat institiúideach agus reachtach frith-éillithe. Ghlac an tír reachtaíocht nua maidir le sócmhainní a aisghabháil, coireacht airgeadais agus sciúradh airgid a chomhrac. Bhí dul chun cinn maith á dhéanamh san imscrúdú in aghaidh olagarcaí, agus trí bhíthin ciontuithe cúirte *in absentia* féadadh olagarcaí a raibh baint acu leis an gcás calaoise a thabhairt os comhair na cúirte – agus

rinneadh urghabhálacha substaintiúla sócmhainní – rud a d'ídigh acmhainní poiblí na Moldóive.

Tá méadú tagtha ar an líon cásanna a imscrúdaíodh a bhaineann le héilliú agus le coireacht eagraithe. Tá méadú tagtha freisin ar an líon cásanna inar urghabhadh sócmhainní daoine atá faoi riteacht pholaitiúil. Tá cur chuige córasach curtha i bhfeidhm ag an Moldóiv maidir le dí-olagarcú agus plean gníomhaíochta uaillmhianach ag gabháil leis. Leis an reachtaíocht nua maidir le toghcháin, an choireacht, na meáin agus an iomaíocht, neartaítear cumas na tíre leasanna dílsithe neamhdhlite a chomhrac. Chuir an Mholdóiv go gníomhach leis an gcomhar idirnáisiúnta le Ballstáit an Aontais agus le gníomhaireachtaí an Aontais trí Mhol Tacaíochta an Aontais um Shlándáil Inmheánach agus Bainistiú Teorainneacha.

Ghlac an tír straitéisí chun a riarachán poiblí a athchóiriú, neartaigh sí bainistíocht airgeadais phoiblí agus leag sí síos próisis idirinstitiúideacha fíor-riachtanacha chun na hathchóirithe a láimhseáil. In ainneoin dálaí dúshlánacha eacnamaíocha, mhéadaigh sí tuarastail chun oibrithe seirbhíse poiblí a choinneáil agus a mhealladh. Rinne an Mholdóiv rialáil ar a creat infheistíochta poiblí, rinne sí a seirbhísí poiblí a dhigitiú a thuilleadh agus rinne sí dul chun cinn maidir le cónascadh deonach na rialtas áitiúil.

Tá aghaidh á tabhairt ag an Moldóiv ar na moltaí ón Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ODIHR) agus ó Choimisiún na Veinéise agus tá an tsochaí shibhialta rannpháirteach i bpróisis chinnteoireachta é san áireamh trí ardán le haghaidh idirphlé agus rannpháirtíocht shibhialta sa Pharlaimint. Neartaigh sí cosaint chearta an duine freisin, é san áireamh trí Choinbhinsiún Iostanbúl a thrasuí go hiomlán ina reachtaíocht náisiúnta.

I bhfianaise na dtorthaí a baineadh amach ó mhí an Mheithimh 2022 faoi na critéir pholaitiúla, faoi chuimsiú na naoi gcéim agus tuilleadh nach iad, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an Mholdóiv go leordhóthanach na critéir a bhaineann le cobhsaíocht na n-institiúidí lena ráthaítear an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus meas ar mhionlaigh agus cosaint mionlach, a leag Comhairle Eorpach Chóbanhávan síos in 1993, ar choinníoll go leanfaidh sí dá hiarrachtaí maidir le hathchóiriú agus go dtabharfaidh sí aghaidh ar na ceanglais atá fágtha faoi na naoi gcéim. Ar an mbonn sin, molann an Coimisiún don Chomhairle tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an Moldóiv. Ina theannta sin, molann an Coimisiún go nglacfaidh an Chomhairle an creat caibidlíochta a luaithe a dhéanfaidh an Mholdóiv an méid seo a leanas:

- leanúint de dhul chun cinn mór a dhéanamh maidir le breithiúna grinnfhiosraithe na Cúirte Uachtaraí a cheapadh ina gcomhaltaí de chomhlachtaí féinrialaithe breithiúnacha agus ionchúisimh, agus maidir le hArd-Ionchúisitheoir nua a ainmniú i bpróiseas atá bunaithe ar fhiúntas agus atá trédhearcach;
- acmhainní agus struchtúir leordhóthanacha a shannadh d'oifig Ionchúisitheoir Frith-Éillithe na Moldóive;
- tabhairt faoi chéimeanna breise maidir le dí-olagarcú, é san áireamh trí bhíthin rialacháin ábhartha amhail rialacháin maidir le híocaíochtaí airgid agus maidir le sreabha airgeadais.

Ní mór don Mholdóiv leanúint den chomhrac in aghaidh an éillithe trí chuntas teiste breise a fhorbairt maidir le himscrúduithe agus ciontuithe éillithe.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach ar an dul chun cinn agus ar an gcomhlíonadh i ngach réimse a bhaineann le tús a chur leis an gcaibidlíocht agus tuairisceoidh sé sin don Chomhairle faoi mhí an Mhárta 2024 ar a dhéanaí. Tá an Coimisiún réidh chun tús a chur

leis an obair ullmhúcháin, go háirithe an scrúdú anailíseach ar an *acquis* (an scagadh) agus ullmhú an chreata caibidlíochta.

16. Is díol sásaimh don Choimisiún na hiarrachtaí athchóirithe atá déanta ag **an tSeoirsia** i gcomhréir le bunreacht na tíre lena mbeartaítear lánpháirtiú san Aontas mar thosaíocht le haghaidh na tíre. Tacaíonn tromlach mór shaoránaigh na Seoirsia le próiseas aontachais na tíre leis an Aontas. Tá gá le deireadh a chur leis an deighilt pholaitiúil agus rannpháirtíocht níos dearfaí an pháirtí rialaithe le páirtithe freasúra agus leis an tsochaí shibhialta chun teacht ar chomhthoil maidir le hábhair leasa náisiúnta.

Ní mór don tSeoirsia dlús a chur lena gníomhaíochtaí chun an bhréagaisnéis agus ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis eachtrach in aghaidh luachanna an Aontais a chomhrac agus chun feabhas a chur ar a ráta ailínithe le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais.

Maidir leis na 12 thosaíocht a shonraítear sa Tuairim ón gCoimisiún Eorpach ó mhí an Mheithimh 2022, ghlac an tSeoirsia gníomhartha reachtacha agus gníomhaíochtaí beartais maidir leis an gcomhionannas inscne agus maidir le foréigean in aghaidh na mban a chomhrac, maidir le breithiúnais ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine a chur san áireamh i bpléití na Cúirte agus maidir leis an gcoireacht eagraithe. Cheap sí Cosantóir Poiblí nua.

Tógadh céimeanna áirithe nós imeachta sa Pharlaimint chun grinnscrúdú tríd an bhfreasúra a mhéadú. Agus comhdhearcadh polaitiúil traspháirtí láidir á thógáil, chuideofaí le haghaidh a thabhairt ar an deighilt agus le dlús a chur le conair Eorpach na Seoirsia. Glacadh leasuithe ar reachtaíocht agus ar rialacha nós imeachta parlaiminteacha, i ndáil le feidhmiú agus cuntasacht institiúidí stáit agus leis an gcreat toghcháin. Áiríodh san athchóiriú breithiúnach céimeanna maidir le hinrochtaineacht ar chinntí cúirte, réasúnaíocht le haghaidh ceapacháin bhreithiúnacha, bearta araíonachta le haghaidh breithiúna agus maidir le hainmnithe na Cúirte Uachtaraí a roghnú ach tá gá le hathchóiriú iomlánaíoch ar an Ardchomhairle Bhreithiúnais fós. Rinne an tSeoirsia an reachtaíocht sin agus roinnt bunghníomhartha dlíthiúla eile maidir leis an gCód Toghcháin, an Biúró Frith-Éillithe, Seirbhísí Imscrúdaithe Speisialta, an tSeirbhís um Chosaint Sonraí Pearsanta chomh maith lena plean gníomhaíochta maidir le dí-olagarcú a chomhroinnt le Coimisiún na Veinéise chun tuairim a fháil. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach córas seiceálacha urghnácha sláine a bhunú, ina mbeidh saineolaithe idirnáisiúnta rannpháirteach, do gach post ceannaireachta sa bhreithiúnacht, agus córas dearbhuithe éifeachtacha sócmhainní a bhunú.

Glacadh plean gníomhaíochta maidir le dí-olagarcú, de réir cur chuige sistéamach, agus tarraingíodh siar an cur chuige 'pearsantaithe'. Bunaíodh Biúró Frith-Éillithe. Mhéadaigh an tSeoirsia an comhar idirnáisiúnta sa chomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe. Maidir leis an iolrachas sna meáin, scaoileadh saor stiúrthóir meán ón bhfreasúra tar éis pardún ón Uachtarán, agus ghlac an Pharlaimint leasuithe ar an Dlí Craolacháin chun ailíniú a dhéanamh le reachtaíocht an Aontais. Glacadh straitéis maidir le cearta an duine a chosaint agus forbraíodh plean gníomhaíochta. Tugadh meabhrán comhair i gcrích idir an Pharlaimint agus roinnt ionadaithe ón tsochaí shibhialta chun rannpháirtíocht eagraíochtaí sochaí sibhialta i bpróisis ceaptha beartas a leagan amach.

I bhfianaise na dtorthaí a baineadh amach ó bhí mí an Mheithimh 2022 ann, faoi chuimsiú na 12 thosaíocht agus tuilleadh nach iad, molann an Coimisiún don Chomhairle stádas tír is iarrthóir a dheonú don tSeoirsia ar an tuiscint go nglacfar na céimeanna seo a leanas:

- An bhréagaisnéis agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis faoin Aontas agus a luachanna a chomhrac.
- Feabhas a chur ar ailíniú na Seoirsia le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais.
- Aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar shaincheist na deighilte polaitiúla, é san áireamh trí bhíthin obair reachtach níos cuimsithí le páirtithe freasúra sa Pharlaimint, go háirithe maidir le reachtaíocht a bhaineann le lánpháirtiú na Seoirsia san Eoraip.
- Próiseas toghchánach saor, cothrom agus iomaíoch a áirithiú, go háirithe in 2024, agus aghaidh a thabhairt go hiomlán ar mholtaí ESCE/ODIHR. Bailchríoch a chur ar athchóirithe toghcháin, lena n-áirítear ionadaíocht leordhóthanach na dtoghthóirí a áirithiú, i bhfad roimh lá an toghcháin.
- Tuilleadh feabhais a chur ar chur chun feidhme na maoirseachta parlaimintí, go háirithe ar na seirbhísí slándála. Neamhspleáchas institiúideach agus neamhchlaontacht na bpríomhinstitiúidí a áirithiú, go háirithe an Riarachán Toghcháin, an Banc Náisiúnta agus an Coimisiún Cumarsáide.
- Athchóiriú breithiúnach iomlánaíoch agus éifeachtach a chur i gcrích agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear athchóiriú cuimsitheach ar Ard-Chomhairle an Cheartais agus ar Oifig an Ionchúisitheora, lena gcuirfear na moltaí ó Choimisiún na Veinéise chun feidhme ina n-iomláine agus próiseas trédhearcach cuimsitheach á leanúint.
- Aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar éifeachtacht an Bhiúró Frith-Éillithe, na Seirbhíse Speisialta Imscrúdaithe agus na Seirbhíse Cosanta Sonraí Pearsanta agus neamhspleáchas institiúideach agus neamhchlaontacht na gcomhlachtaí sin a áirithiú. Aghaidh a thabhairt ar na moltaí ó Choimisiún na Veinéise a bhaineann leis na comhlachtaí sin, i bpróiseas cuimsitheach. Cuntas teiste láidir a bhunú maidir le cásanna éillithe agus coireachta eagraithe a imscrúdú.
- Feabhas a chur ar an bplean gníomhaíochta atá ann faoi láthair chun cur chuige ilearnálach córasach a chur chun feidhme i leith an dí-olagarcaithe, i gcomhréir leis na moltaí ó Choimisiún na Veinéise agus próiseas trédhearcach cuimsitheach a leanúint ina mbeidh páirtithe freasúra agus an tsochaí shibhialta rannpháirteach.
- Feabhas a chur ar chosaint chearta an duine, é san áireamh trí straitéis uaillmhianach maidir le cearta an duine a chur chun feidhme agus saoirse comhthionóil agus saoirse cainte a áirithiú. Imscrúduithe neamhchlaonta, éifeachtacha agus tráthúla a sheoladh i gcás bagairtí ar shábháilteacht grúpaí leochaileacha, gairmithe sna meáin agus gníomhaithe de chuid na sochaí sibhialta, agus eagraithe agus lucht déanta foréigin a thabhairt os comhair na cúirte. Dul i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta agus teagmháil a dhéanamh léi, ionas go mbeidh siad in ann páirt fhiúntach a ghlacadh i bpróisis reachtacha agus i bpróisis ceaptha beartas agus a áirithiú gur féidir leo oibriú gan bhac.

## VIII. IARSCRÍBHINNÍ

1. **Gnéithe bunúsacha an phróisis aontachais.**
2. **Na príomhrudaí a baineadh amach leis an bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar**
3. **Na príomhrudaí a baineadh amach leis an bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta – forléargas ar an Úcráin, ar an Moldóiv agus ar an tSeoirsia**
4. **Táscairí tríú páirtí a bhaineann le stádas an daonlathais, an dea-rialachais agus an smachta reachta i dtíortha is iarrthóirí agus i dtíortha is iarrthóirí ionchasacha**
5. **Sonraí staidrimh.**